Reáchtáladh céad chruinniú mullaigh FilmEU in Liospóin Meitheamh 2021, agus rinne David Smith, Uachtarán, Rónán Ó Muirthile, Ceann Dáimhe na Scannánaíochta, Ealaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha agus roinnt comhaltaí foirne IADT a bhfuil baint leis an tionscadal acu freastal air.

Maoiniú Claochlaithe d'Ollscoileanna

I Samhradh 2020, i ndiaidh ionadaíocht an Uachtaráin tríd an Údarás um Ardoideachas, tugadh cead d'IADT iarrtas a dhéanamh ar an gCiste Claochlaithe TU, neamhspleách ar Chuibhreannas TU.

Bunaíodh an Maoiniú Claochlaithe d'Ollscoileanna (TUTF) chun cuidiú le forbairt agus dul chun cinn ollscoileanna teicneolaíochta mar chuid de chuspóir bheartas an Rialtais i gcomhthéacs athstruchtúrú a dhéanamh ar thírdhreach an ardoideachais. Sannadh €90 milliún don chiste, atá le bronnadh i gcaitheamh

tréimhse trí bliana.

I nDeireadh Fómhair 2020, d'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris T.D., maoiniú €34 milliún d'insitiúidí ardoideachais chun cuidiú leo ina ndul chun cinn i dtreo stádas Ollscoile Teicneolaíochta. Mar chuid den mhaoiniú, bronnadh €100k ar IADT chun measúnú a dhéanamh ar thuarascálacha agus ar mholtaí atá ann cheana maidir le haon Institiúid Ardoideachais náisiúnta amháin le haghaidh na nEalaíon Cruthaitheach in Éirinn a bhunú, agus chun teacht ar dheiseanna chun na críche sin i gcomhthéacs Phlean Straitéiseach IADT atá ann cheana, agus an Straitéis Náisiúnta níos leithne le haghaidh an Ardoideachais, agus Tuarascáil Líonra Taighde TU.

Cuireadh foireann tionscadail i bhfeidhm á bhí á treorú ag an Uachtarán ar dtús, agus ghlac Ceann Taighde IADT, an tOllamh Daithí Mac Síthigh ról ceannaireachta sa tionscadal tar éis a cheapacháin Bealtaine 2021. Áiríodh leo siúd ó IADT a rinne cionn don tionscadal: An Dr Hilary Kenna, an Dr John Montayne agus Ann Marie Phelan, a tugadh ar iasacht chun oibriú ar an tionscadal a chur i gcrích, agus a fuair tuilleadh tacaíochta ón gcuntóir taighde, Clodagh McKenna.

Maoiniú Claochlaithe d'Ollscoileanna (ar lean)

Leagfar isteach tuarascáil ar na torthaí, agus iarratas ar mhaoiniú leanúnach an tionscadail, i dtreo dheireadh 2021.

5.2 Tionscadail

5.2.1 Tionscadail Náisiúnta

Aitheantas Réamhfhoghlama

Is comhthionscnamh idir na seacht nOllscoil IUA, na hInstitiúidí Teicneolaíochta, agus na hOllscoileanna Teicneolaíochta é an tionscnamh náisiúnta seo, agus is éard is cuspóir leis cur chuige seasmhach céillí i leith aitheantais réamhfhoghlama san earnáil phoiblí ardoideachais trí chéile.

Á mhaoiniú faoi Dhúshraith 3 de Thionscnamh Caipitil Daonna Rialtas na hÉireann, déanfaidh na hInstitiúidí ardoideachais athrú suntasach ar bheartas, ar nós imeachta, agus ar chleachtas Aitheantas Réamhfhoghlama sa tionscadal, rud a mbeidh cumas claochlaitheach aige le go mbeidh córas oideachais na hÉireann ina cheannaire idirnáisiúnta sa réimse. An aidhm atá ann go mbeidh Aitheantas Réamhfhoghlama ina chuid lárnach den chóras ardoideachais, go mbeidh tuiscint leathan air, agus go gceiliúrfar agus go n-úsáidfear é mar chonair sholúbtha chun na foghlama breise, an deimhniúcháin

agus na forbartha gairmiúla.

Seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an tionscadail:

- Creat Náisiúnta Aitheantais Réamhfhoghlama atá foghlaimeoir-lárnaithe chun deiseanna RPL a mhéadú agus chun tacú le feabhsú seirbhíse ar fud Institiúidí Ardoideachais rannpháirteacha;
- Teagmháil a dhéanamh le Comhpháirithe Fiontraíochta chun riachtanais ardoideachais fostaithe a thuiscint agus deiseanna RPL a aithint;
- Ardán Náisiúnta ar Líne a fhorbairt chun faisnéis láraithe a sholáthar d'úsáideoirí éagsúla;
- Leathadh a dhéanamh ar Phobal Cleachtais RPL in Institiúidí Ardoideachais agus feabhsú a dhéanamh ar acmhainn trí bhíthin sraith uirlisí, ábhar agus acmhainní oiliúna a sholáthar;
- Tacar Sonraí Náisiúnta Aitheantas Réamhfhoghlama a fhorbairt chun monatóireacht/tuairiscí a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun bonn eolais a chur faoi bheartas;
- Feachtais Chumarsáide náisiúnta agus áitiúil a fhorbairt chun deiseanna RPL a chur chun cinn agus chun méadú a dhéanamh ar líon na n-iontrálacha ar bhonn Aitheantas Réamhfhoghlama.

5.2.1 Tionscadail Náisiúnta (ar lean)

Aitheantas Réamhfhoghlama (ar lean)

Oibreoidh lucht an tionscadail le réimse éagsúil príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta freisin, lena n-áirítear gníomhairí náisiúnta oideachais, QQI, an tÚdarás um Ardoideachas agus SOLAS; an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama (NEFTL) agus Líonra Cleachtóirí RPL; chomh maith le comhlachtaí ionadaíochta fostaithe agus fiontraíochta, lena n-áirítear IBEC agus ISME ar páirtithe fiontraíochta de chuid an tionscadail freisin.

Déanann príomhoifigigh acadúla agus Cláraitheoirí na n-institiúidí rannphárteacha maoirseacht ar an tionscadal. Soláthraíonn Grúpa Stiúrtha an Tionscadail treoir agus comhairle straitéiseach ar bhonn rialta.

5.2.2 Tionscadail Eorpacha um Thaighde/Fhorbairt

Tionscadal ACCELERATE

I Meitheamh 2021, chuir IADT tús le tionscadal dhá bliana ACCELERATE [Accessible Immersive Learning for Art and Design - Uimhir Tionscadail: 2020-1-UK01-KA226-HE-094684]. Tá cruinniú sheoladh oifigiúil an tionscadail beartaithe do Dheireadh Fómhair 2021 agus reáchtálfar an tionscadal go dtí an 31 Bealtaine 2023. Tá

tionscadal ACCELERATE beartaithe do Dheireadh Fómhair 2020 agus reáchtálfar an tionscadal go dtí 31 Bealtaine 2023.

Tá aidhm bhunúsach ach uailmhianach ag tionscadal ACCELERATE: feabhas a chur ar theagasc na healaíne agus an deartha san ardoideachas san Eoraip iar-phaindéime trí bhíthin modheolaíochtaí, uirlisí, ardáin, agus acmhainní nuálaíochta a fhorbairt le haghaidh na foghlama tumthaí (VR, AR, agus XR). Féacann ACCELERATE le léachtóirí ealaíne agus deartha, taighdeoirí oideachais, agus teicneolaithe foghlama ón Ríocht Aontaithe, ó Éirinn, ón bPolainn, agus ón Úcráin a thabhairt le chéile chun tionchar COVID-19 a léiriú agus chun féidearthachtaí nua le haghaidh na hoideolaíochta agus na nuálaíochta digití a scrúdú.

Áirítear le hionadaithe IADT a bhfuil baint acu leis an tionscadal: David Quin (Beochan), an Dr Therese Moylan (Cathaoirleach an Choiste Teagaisc & Foghlama), Julian King (Dearadh le haghaidh Scannánaíochta), Laura Venables (Ealaín), agus Rob Griffin (Teicneolaíocht agus Síceolaíocht).

Ar na comhpháirtithe tá páirtithe DESTIN agus ALIGN de chuid IADT mar atá Sumy State University (an Úcráin) and Chernivtsi National University Yuriy Fedkovych (an Úcráin) agus

5.2.2 Tionscadail Eorpacha um Thaighde/Fhorbairt (ar lean)

Tionscadal ACCELERATE (ar lean)

Bath Spa University (an Ríocht Aontaithe) (Comhordaitheoir). I dteannta linn tá University of the Arts London (an Ríocht Aontaithe) and SWPS Uniwersytet Humanistycznospoleczny (Ollscoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na nDaonnachtaí) (an Pholainn).

Áireofar leis na hábhair a ndéanfar cíoradh orthu: Curacalaim nua nuálaíoch/modhanna oideachais/cúrsaí oiliúna a fhorbairt; Rochtain do dhaoine faoi mhíbhuntáiste; agus an Chruthaitheacht agus an Cultúr.

Tionscadal DESTIN

Tá páirt á glacadh ag IADT sa tionscadal DESTIN Erasmus+ mar atá 'Journalism Education for Education for Democracy in Ukraine: Developing Standards, Integrity and Professionalism' Uimhir tionscadail: 598964-EPP-1-2018-1-UK-EPPKA2-CBHE-JP ó 2018. Bhí IADT freagrach as Forbairt Curaclaim Eorpaigh WP3 an tionscadail, agus bhí David Quin ina cheannasaí IADT ar an tionscadal. Rinne IADT oiliúint tionscadail in Kyiv (Bealtaine agus Nollaig 2019) agus d'fhorbair Foireann Uirlisí Forbartha le haghaidh Cláir Staidéir agus 'A Training for Trainers Toolkit'.

Ghlac David Quin agus Caitriona Kirby (Mheáin Nua IADT) páirt in athbreithnithe deisce an tionscadail in Aibreán 2020 ar chlár leasaithe iriseoireachta. Leagadh isteach tuarascálacha piarmheasta ar 20 clár Iriseoireachta BA agus MA i ndeich n-ollscoil faoi Shamhradh 2020.

Cuireadh síneadh le tionscadal DESTIN le bliain agus críochnófar é leis 'cuairteanna tréadacha' saineolaithe AE ar ollscoileanna na hÚcráine (ar líne, b'fhéidir) Feabhra 2022 agus le comhdháil a chuirfidh clabhsúr leis an tionscadal (Bealtaine 2022 b'fhéidir) in Lviv.

An Tionscadal 'Feminist Art Making Histories'

I Samhradh 2021, bronn an Chomhairle um Thaighde in Éireann €240,000 ar IAD, faoi scéim taighde Dhaonnachtaí Digiteacha na Ríochta Aontaithe/na hÉireann Bhí an t-iarratas rathúil, mar atá, 'Feminist Art Making Histories', á stiúradh ag an Dr Tina Kinsella (Ceann Roinn an Dearaidh agus na hEalaíne Amhairc), i gcomhar leis an Ollamh Hilary Robinson (Ollscoil Loughborough). Is é an Arts and Humanities Research Council atá ag maoiniú rannpháirtíocht institiúidí na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear Ollscoil Cambridge agus Ollscoil Leeds, i dteannta le Ollscoil Loughborough. Tá buiséad foriomlán breis is €500,000 ag an tionscadal trí bliana,

5.2.2 Tionscadail Eorpacha um Thaighde/ Fhorbairt (ar lean)

An Tionscadal ‘Feminist Art Making Histories’ (ar lean)

cuireadh tús leis Fómhar 2021, agus tabharfar chun suntais ann scéaltaí folaithe nár insíodh de chuid na healaíne feiminí ar fud an dá oileán araon ó na 1970í go dtí an lá atá inniu ann. Déanfar na scéalta agus na hearraí cuimhneacháin a leanfaidh iad a thaifeadh go digiteach agus déanfar iad a uaslódáil ar Thaisclann Digiteach na hÉireann. Beidh an chartlann sin ina hacmhainn luachmhar d’ealaíontóirí, scoláirí ealaíon, staraithe, lucht déanta beartas cultúrtha, agus an iomad daoine eile nach iad a mbaineann a gcuid saothar leis an ealaíon fheimineach daoine eile nach iad a mbaineann a gcuid saothar leis an ealaíon fheimineach.

Tionscadal GS-CAPS

Is tionscanamh é an Scoil Iarchéime le hAghaidh Cur Chuige Cruthaitheach i leith an Spáis Phoiblí (GS-CAPS) atá á fhorbairt ag Ollscoil Renne2 2, i gcomhar le roinnt comhpháirtithe áitiúil agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear IADT. I gcaitheamh 2020 agus 2021, chas an Dr Maria Parsons, an Dr Jenny McDonnell, agus an Dr Kevin Wallace leis an Dr Marion Holfeldt (Director of CAPS), an tOllamh Anne Goarzin (Head of Research for CAPS), agus Taylor Still (Head of International

Relations for CAPS) babthaí go leor chun cíoradh a dhéanamh ar dheiseanna maidir le comhthionscadail, le malartuithe agus chomh-mhodúil MA a fhorbairt.

Ghlac an Dr Parsons agus an Dr McDonnell páirt freisin sa chéad Chruinniú Boird Idirnáisiúnta de CAPS ar an 19 Aibreán 2021. B’éard a bhí san imeacht sin sraith de chuir i láthair painéil, de cheardlanna agus de phlé i dtaca leis na hábhair seo a leanas:

- Foirmeacha Nuálacha Teagaisc
- Taighde
- PhD Idirnáisiúnta
- Malartuithe Idirnáisiúnta agus Soghluaiseacht

Mar chuid den Chruinniú Boird Idirnáisiúnta, thug an Dr Parsons cur i láthair uaithe ar Mhalartuithe Idirnáisiúnta agus Soghluaiseacht.

Tá pleananna á bhforbairt faoi láthair ag an Dr Parsons, an Dr McDonnell, agus an tOllamh Anne Goarzin le haghaidh imeacht GS-CAPS atá le réachtáil in IADT Meitheamh 2022. Tá sé beartaithe gur imeacht babhtála eolais trí lá a bheidh san imeacht sin. Aireofar leis roinnt ceardlann, cur i láthair agus taispeántas gaolmhar mar a ndéanfaidh lucht acadúil, cleachtóirí ealaíne agus mic léinn iarchéime scrúdú ar theagmhálacha idir an ealaín agus

5.2.2 Tionscadail Eorpacha um Thaighde/ Fhorbairt (ar lean)

Tionscadal GS-CAPS (ar lean)

spás poiblí. Deis a bheidh sna ceardlanna do na páirtithe idirnáisiúnta casadh le chéile duine le duine agus le rudaí a roinnt, le comhoibriú agus le cruthú agus modheolaíochtaí agus oideolaíochtaí le haghaidh cur chuig tras-dhisciplíneach/ idirdhisciplíneach i leith na n-ealaíon agus an spáis poiblí.

Tionscadal Interact

InterAct – is éard atá san Uirlis Chumais Gnímh Idirchultúrtha ná Príomhghníomh 2: Tionscadal Comhpháirtíochta Straitéisí dhá bhliain a cuireadh tús leis Aibreán 2021. Is é KulturLife na Gearmáine an príomhpháirtí ar InterAct. Tá sé pháirtí ó na tíortha seo a leanas: Éire, an tSualainn, an Ghréig, an Ísiltír, an Bheilg agus an Ghearmáin sa chomhaontas. Baineann tionscadal Interact leis an bhforbairt ar inniúlachtaí idirchultúrtha i dtionscadal idirnáisiúnta óige i dtaca leis an gcoincheap mar atá Inniúlacht Idirchultúrtha Ghnímh (IAC). Is ionann inniúlachtaí idirchultúrtha agus a bheith in ann do bhealach a dhéanamh go cumasach agus cumarsáid éifeachtach chuí a dhéanamh i dtimpeallachtaí casta agus tú i dteagmháil le daoine eile atá éagsúil leat ó thaobh teanga agus cultúir de.

Is éard is príomhchuspóir le InterAct an coincheap IAC a chlaohlú ó theoiric go cleachtas agus an smaoineamh i dtaca le inniúlacht idirchultúrtha a dhéanamh sothuigte agus sofheidhmithe trí bhíthin aip mhóibíleach fhreagrúil atá gréasán-bhunaithe.

Is éard an phríomhobair atá ar siúl ag IADT ar InterAct dearadh UX/UI ‘Responsive Web Application’ a fhorbairt, rud a thabharfaidh caoi d’inneachar InterAct léiriú ar fud réimse leathan gléas agus méideanna scáileán, lena n-áirítear Fóin chliste, ar bhonn so-úsáidte.

Tionscadal Soghluaiseachta Creidmheasa Idirnáisiúnta

Tá dhá Thionscadal Soghluaiseachta Creidmheasa Idirnáisiúnta (ICM) ar siúl ó bhí 2017 ann, ceann amháin le Sumy State University (SSU) san Úcráin agus an dara ceann i gcomhar leis an State Academy of Fine Arts agus an Yerevan State Institute of Theatre and Cinematography san Airméin. Díríonn an tionscadal na hÚcráine ar ICT, ar idirnáisiúnú agus ar phleanáil straitéiseach san Ardoideachas, faoi mar a dhíríonn tionscadal na hAirméine ar fhorbairt acmhainne, ar fheabhsú teagaisc, foghlama agus measúnaithe, agus ar cruthú féideartha foireann uirlisí forbartha acmhainne le haghaidh Institiúidí beaga Ealaíne, Deartha agus Meán.

5.2.2 Tionscadail Eorpacha um Thaighde/Fhorbairt (ar lean)

Tionscadal Soghluaiseachta Creidmheasa Idirnáisiúnta (ar lean)

Thaistil comhaltaí IADT mar atá Elena Somoza, Clare Barman agus Deirdre O'Toole chun na hAirméine i bhFeabhra 2020. Bheadh i gceist le na cuairteanna cómhálartacha foirne ar IADT, a bhí beartaithe do 2020, cuir i láthair agus ceardlanna maidir le gach gné de theagasc, d'fhoghlaim agus de mheasúnú na healaíne, an deartha, na scannánaíochta agus na meán agus d'obair tionscadail. In Earrach 2021, rinne IADT comhobair 12 seachtaine ar líne thar a bheith rathúil lenár gcomhpháirtithe Airméine, le ceardlanna ar líne ar ábhair lenar áiríodh Iontrálacha, Measúnú, Cruthú Carachtar, Clár Faisnéise, Dearadh don Stáitse agus don Scáileán agus Athdhearadh Clár Oideachais.

Bhí de thoradh ar tionscadal ICM na hInstitiúide leis an Úcráin comhdháil aon lá amháin ar líne fíor-rathúil ar an 22 Meitheamh 2021, agus d'fhear Reachtaire SSU agus Uachtarán IADT David Smith an-fháilte. Thug foireann Sumy State University Team an iomad cur i láthair agus thug an Dr Therese Moylan, David Doyle, Paul Curran, David Quin agus Elena Somoza cur i láthair ar ábhair amhail: An fhoghlaim a baineadh as dul ar líne de bharr Covid-19, FILM EU, Tosaíochtaí Straitéiseacha, Creative Futures Academy

agus Soghluaiseachtaí sa Toghcháin, COILs agus Comhoibriúcháin. Sna blianta beaga amach romhainn, díreoidh comhpháirtíocht Úcráine ICM tuilleadh airde ar na naisc idir ár gcláir, ranna agus Dámha Gnó agus Fiontraíochta, agus glacfaidh an Dr Therese Moylan agus a cuid foirne IADT sise ról ceannaireachta níos mó.

Thug an Coimisiún Eorpach maoiniú leantach don dá thionscadal soghluaiseachta, agus síneadh a chur leo go dtí 2023, lena n-áirítear pleananna uailmhianacha le haghaidh comhaltaí foirne atá ag teacht isteach agus imeacht agus le haghaidh shoghluaiseacht na mac léinn.

Tionscadal SoPHIA

Baineann tionscadal SoPHIA le hArdán Sóisialta le haghaidh Mheasúnú ar Thionchar Oidhreachta Iomlánaíche. Tá an tionscadal á mhaoiniú faoin ngairm Horizon 2020: H2020-SC6-Transformations-2018-2019-2020 (Socioeconomic and Cultural Transformations in the Context of the Fourth Industrial Revolution). Tá seacht gcomhpháirtí sa chuibhreas: Tá sé á chomhordú ag Università degli Studi Roma Tre (UNIROMA3), an Iodáil, agus tugtar le chéile ann, thar thréimse dhá bhliana, 2020/2021, cuibhreas d'eagraíochtaí Eorpacha: Interarts Foundation for

5.2.2 Tionscadail Eorpacha um Thaighde/Fhorbairt (ar lean)

Tionscadal SoPHIA (ar lean)

International Cultural Cooperation (INTERARTS), an Spáin; Stichting European Museum Academy (EMA), an Ísiltír; Institute of Cultural Policy and Cultural Management (EDUCULT), an Ostair; National Technical University of Athens (NTUA), an Ghréig; Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT), Éire; agus Institute for Development and International Relations (IRMO), an Chróit.

Tá foireann IADT á stiúradh ag Paraic McQuaid, agus áirítear léi an Dr Christine Horn agus an Dr Tiziana Soverigno.

Cuireadh tús oifigiúil leis an tionscadal ar an 1 Eanáir 2020 agus bhí trí Phacáiste Oibre (WP) i gceist leis:

- **WP1 (M1-M7)** - bhí i gceist le WP1 (M1-M7) athbhreithniú ar a bhfuil de thaighde i dtaca le Measúnú ar Thionchar Oidhreachta. Athbhreithniú Litríochta is ea príomhtháirge insoláthartha an phacáiste oibre sin. Réitíomar céad dréacht mhúnla SoPHIA de Mheasúnú ar Thionchar Oidhreachta freisin. Cruthaíodh an múnla iomlánaíoch de réir ceithre théama mar atá an Comhshaol, an Cultúr, an tSochaí agus an Eacnamaíocht. D'oibrigh IADT ar dhá cheann den ceithre

théama. An Cultúr agus an Comhshaol i dteannta le EDUCULT agus NTUA faoi seach.

- **WP2 (M7-M12)** Bhí i gceist le WP2 (M7-M12) tástáil a dhéanamh ar dhréacht-mhúnla SOPHIA trí ocht gcás staidéar. Rinne IADT cásanna-staidéar ar Bharra an Teampaill mar tionscadal athghiniúna uirbí inar baineadh úsáid as an oidhreacht agus a raibh tionchar aige ar an oidhreacht i gcaitheamh a fhorbartha. Sa chás-staidéar, rinneadh tástáil ar inmhharthanacht mhúnla SoPHIA sa chomhthéacs sin. Cás-staidéar ar Ghaillimh 2020 Príomhchathair Chultúir na hEorpa (ECOC) a bhí sa dara cás-staidéar. Sa chás-staidéar sin, breathnaíodh ar na huirlisí mheasúnaithe ar thionchar de chuid ECOC agus rinneadh tástáil ar inmhharthanacht mhúnla iomlánaíoch SoPHIA le haghaidh an chomhthéacs sin. Sa dá chás-staidéar araon, b'éigean dúinn dul i bhfeiliúint do theorainneacha agus do srianta dhianglasálacha COVID-19. Rinnemar sraith de dheich n-agallamh aon uair an chloig le páirtithe leasmhara trí bhíthin Microsoft Teams a úsáid.
- **WP3 (M15-M24)** - Tá i gceist le WP3 (M15-M24) cheithre pháipéar beartas a scríobh atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus uirlisí agus treoirlínte i dtaca le úsáid mhúnla SoPHIA a fhorbairt.

5.2.2 Tionscadail Eorpacha um Thaighde/Fhorbairt (ar lean)

Chuige sin, ar an 23 agus an 24 Meán Fómhair 2021, reáchtáil IADT ceardlann do pháirtithe leasmhara i nDún Laoghaire, Baile Átha Cliath, i gcomhréir le srianta COVID-19. Tairgeadh ceardlann hibrideach do pháirtithe leasmhara, lenar bhain páirtithe leasmhara a ghlac páirt ar líne agus ar an láthair. Ghlac 17 páirtí leasmhar ar líne agus ghlac 10 páirtí leasmhar páirt ar an láthair, agus ghlac 21 ball de chuibhreannas comhpháirtíochta páirt ar an láthair chomh maith.

TREND – Erasmus+

I Nollaig 2020, chríochnaigh IADT a chuid oibre ar an tionscadal Erasmus + mar atá TREND - Training Refugees in Entrepreneurial skills using Digital Devices. Tá TREND á mhaoiniú faoi Príomhghníomh 2 Erasmus + maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach le haghaidh na Nuálaíochta i réimse an oideachais do dhaoine fásta. B'as an Iorua, an Ghearmáin, an Ghréig agus an Bheilg do chomhpháirtithe TREND IAD. Reáchtáladh an tionscadal trí bliana sin ó 2017 go 2020. B'éard ba chuspóir leis an tionscadal inniúlachtaí fiontraíochta na dteifeach agus na ndaoine de chúlra imirce a chothú ionas go mbeadh an fhéinfhostaíocht ina rogha inmharthana dóibh agus iad ag teacht isteach go tír nua san Eoraip. D'fhéach tionscadal TREND le feasacht a mhéadú ar acmhainn

neamhshaothraithe na ndaoine atá ag teacht isteach ón taobh amuigh den Eoraip, ionas go ndéanfar cruthaitheoirí poist de chuairoteoirí poist Trí mhodúil oideachais tríd an meantóireacht agus trí chomhairle micrea-airgeadais, is féidir go mbeidh TREND ina chuidiú do dhaoine chun constaicí maorlathacha a sháru, agus na gnáthchonstaicí agus na gnáthphróisis a bhaineann le dul isteach i margadh neamhathanta oibre a sháru chomh maith céanna.

B'éard a bhí i bpríomhobair IADT ar TREND ná dearadh freagrúil gréasáin aipe a fhorbairt chun rochtain a fháil ar inneachar TREND ar fhón cliste atá so-úsáidte agus taitneamhach ar bhonn aeistéitiúil. Tugtar aitheantas anseo d'fhoireann deartha UX/UI IADT, mar atá an Dr Hilary Kenna, Stefan Paz Berrios agus Holly Brennan, i ngeall ar a dtiomantas agus a gcuid dea-oibre ar thionscadal TREND. Ba mhaith le IADT aitheantas a thabhairt freisin d'ionchur Reuben Hambakachere ó Cultúr agus é sa ról 'Train the Trainer' ar son IADT ar TREND.

5.2.3 Dearbháin Nuálaíochta/Comhoibrithe Tionscail

Le linn na bliana acadúla 2020/2021, ghlac IADT páirt i naoi gcomhoibriú dearbhán nuálaíochta le comhlachtaí. Cuireadh seacht gcinn i gcrích, agus tá péire á ndéanamh i gcónaí. Cliaint athuaire a bhí i bpéire den naoi dtionscadal, agus tá pleananna i bhfeidhm ag IADT le haghaidh dearbhán sa toadhcháil le roinnt de na comhlachtaí.



5.2.3 Dearbháin Nuálaíochta/ Comhoibríthe Tionscail (ar lean)

Taobh amuigh de na tionscnaimh maidir le teicneolaíocht mhóréilimh agus forbairt táirgí, bhí ionadaíocht ag IADT i raon leathan de réimsí disciplíneacha na hInstitiúide, agus díriodh aird go háirithe ar rannpháirtíocht a ghlacadh sa bhrandáil amhairc agus i bhféiniúlachtaí branda a chruthú.

In 2021, rinne Fiontraíocht Éireann an clár dearbháin a leathnú do cliant. Tá comhlachtaí in ann leas a bhaint as ceithre dhearbhán nuálaíochta, agus tá an ceathrú ceann á chomh-mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann agus ag an gcomhlacht, rud a mbeidh comhpháirtíochtaí féideartha taighde agus nuálaíochta níos fadtéarmaí leis an gcoláiste mar thoradh air.

Siúd a leanas na dearbháin nuálaíochtaí ar cuireadh tús leo/a cuireadh i gcrích le linn 2020/2021:

- Arcavet
- Buy and Sell Bullion
- Change Donations
- ChiFit Tea
- Cilter Child Protection
- Eating Freely

- LivEazi
- Pitch Release
- Tabero

5.2.4 Tionscnaimh FÍS

Tionscadail Scannánaíochta FÍS

Is tionscnamh náisiúnta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES) é Tionscadal Scannánaíochta FÍS, atá á bhainistiú ag Oifig FÍS IADT i gcomhar leis an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí - Roinn na Teicneolaíochta san Oideachas (PDST TIE). Is tionscadal rathúil scannánaíochta é FÍS atá faoi bhláth i mbunscoileanna ar fud na hÉireann i gcónaí. Tacaíonn an tionscnamh le teagascóirí chun an scannánaíocht a thabhairt isteach sa seomra ranga, a chuidíonn le páistí scileanna bunriachtanacha sa chruthaitheacht spriocdhírthe, an litearthacht íomhá gluaistí, an chumarsáid, an smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, obair foirne agus na healaíona amhairc. Ar bhonn leanúnach, soláthraítear do mhúinteoirí bunscóile tacar mór acmhainní le haghaidh na beochana beo-aicsin agus na beochana íomhá ar íomhá. Foilsítear breis is 100 sampla de scannáin a ghnóthaigh duais FÍS a chruthaigh páistí i mbunscoileanna na hÉireann ar www.fisfilmproject.ie chomh maith www.fisfilmproject.ie.



5.2.4 Tionscnaimh FÍS (ar lean)

Tionscadail Scannánaíochta FÍS (ar lean)

Mar fhreagra ar shrianta Covid-19 bogadh an fhorbairt ghairmiúil bhliantúil duine le duine do mhúinteoirí ar líne chuig formáid seimneáir ghréasáin, á óstáil trí líonra náisiúnta na Lárionad Oideachais. Ghlac painéalaithe ó Scoil Náisiúnta Scannánaíochta IADT páirt sna seimneáir ghréasáin. Is é FÍS an tionscadal is fadbhunaithe dá leithéid (a seoladh go hoifigiúil in 1999/2000) agus tagraítear di i Straitéis Dhigiteach na Roinne Oideachais agus Scileanna do Scoileanna 2015-2020 mar eiseamláir i dtaca le húsáid chruthaitheach na teicneolaíochta sa bhunoideachas.

Comórtas Scéalaíochta Scéalchláir FÍS

Mar gheall ar an bpaindéim, agus ar mhaithe le Sláinte agus Sábháilteacht, cuireadh comórtas agus searmanas na Gradam Náisiúnta Bliantúil Scannánaíochta FÍS 2020 ar ceal. Mar rogha eile, tugadh cuireadh do bhunscoileanna na hÉireann chun páirt a ghlacadh i gcomórtas Scéalaíochta Scéalchláir FÍS, tionscnamh speisialta aon uaire Covid-19 atá oscailte do gach bunscoil i bPoblacht na hÉireann. Thug an comórtas cuireadh do dhaltá ciall a bhaint as scéal, coincheap nó ábhar ar bhonn físiúil trí úsáid a bhaint as meáin ealaíonta agus cineálacha éagsúla

seatanna chun scéal a léiriú ar bhealach samhailteach agus cruthaitheach.

De thairbhe go raibh páistí ag foghlaim sa bhaile le go leor míonna na scoilbhliana 2020/2021, ceadaíodh iontrálacha aonair, grúpaí beaga nó ranga iomlán á gcomhordú ag múinteoirí i gcritéir an chomórtais. I ndiaidh roghnú painéil bhreithnithe, bronnadh 41 gradam ar fud na gcatagóirí ranga/aoise agus fuair scoileanna a ghnóthaigh gradaim teicneolaíocht oideachais, amhail Lego WeDo kits agus iPads á soláthar ag comhpháirtithe tionscadail FÍS, an PDST TiE. Bronnadh an gradam don Scéalchlár ab fhearr ar Scoil Náisiúnta Naomh Aodh, an Damhshraith, Co. Liatroma.

dIrl Scéim Maoinithe Gearrscannán First Frames 2020/2021

Tá scéim maoinithe gearrscannán First Frames á maoiniú go hiomlán ag Oifig Ealaíon agus Aonad Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus déanann Oifig FÍS IADT an scéim a bhainistiú ar a son. Tar éis próisis iomaíoch, bronnadh dá dhá mhaoiniú €12,000 ar dhobarcheantar Subotica Entertainment DLR. Cuireadh trealamh, saoráidí agus meantóireacht bhreise ar fáil ó Scoil Náisiúnta Scannánaíochta IADT. Mar fhreagra ar cheisteanna Covid-19, tugadh maoiniú breise don dá thionscadal tríd an Ionad Forbartha



5.2.4 Tionscnaimh FÍS (ar lean)

dIrl Scéim Maoinithe Gearrscannán First Frames 2020/2021 (ar lean)

Eacnamaíochta chun caiteachais Covid-19 nach ndearnadh buiséadú orthu a bhainisítú i gcomhréir le treoirlínte Bord Scannán na hÉireann. Tá scannáin á réamhléiriú faoi láthair agus táthar ag súil go gcríochnófar iad faoi Fhómhar 2021.

Don tríú babhta, tugadh cuireadh do IADT an scéim DLR First Frames a bhainisítú. Fógraíodh an chéad bhabhta eile maoinithe i Meitheamh 2021 agus déanfar iarratais a phróséáil idir Meán Fómhair agus Nollaig 2021. Tá an scéim á maoiniú go hiomlán ag Oifig Ealaíon agus Aonad Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a oibríonn go dlúth le Scoil Náisiúnta Scannánaíochta IADT chun cinntiú de go mbeidh éirí go maith léi ar bhonn leanúnach.

Gradaim Scannánaíochta FÍS

Seol an comórtas mar atá Gradaim Scannánaíochta FÍS in Aibreán 2021 agus cuireadh clabhsúr leis i dtreo dheireadh mhí an Mheithimh agus chruthaigh líon suntasach na n-iontrálacha chuig an gcomórtas Scéalaíochta

Scéalchláir scannáin bunaithe ar scéalchláracha a leagadh isteach roimhe sin, agus b'iontrálacha nua chuig FÍS go leor acu siúd. Reáchtálfar an searmanas bliantiúil gradam ar líne agus tá sé le léiriú, scannánú agus craoladh ag mic léin ón gclár MA sa Scannánaíocht agus Léiriú Craoltóireachta i dtreo dheireadh mhí na Samhna 2021. Beidh baint ag mic léinn tríú bliana den chlár Dearadh don Stáitse agus don Scáileán le dearadh agus tógáil an tseit le haghaidh na ngradam,

An Tionscadal Stories from Isolation

D'urraigh Oifig Cumarsáide Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin próiseas inmheánach iomaíochta le haghaidh an tionscadail mar atá Stories from Isolation, mar a raibh an deis ag mic léinn de chuid na gclár BA (Onóracha) sa Léiriú Scannánaíochta & Teilifíse agus i Léann na Meán Nua úsáid a bhaint as a gcuid scileanna agus a bhfís féin dá dtaithe ar an 14 mí a chuaigh thart a chur chun cinn. B'éard ba chuspóir leis an gcomórtas, a bhí á mholadh agus á thacú ag an gCathaoirleach, an Clr Una Power, glór ealaíonta a thabhairt do dhaoine óga a raibh tionchar suntasach ag an bpaindéim agus ag an dianghlásáil orthu agus deis a thabhairt



5.2.4 Tionscnaimh FÍS (ar lean)

An Tionscadal Stories from Isolation (ar lean)

dóibh dá réir sin an tionchar sin orthu féin, ar a muintir agus ar a bpobal agus ar an tsochaí trí chéile a thaifeadh. Fuarthas breis is 100 scannán, agus rinneadh 22 scannán a ghearrliostú agus bronnadh cúig dhuais. I mBealtaine, d'fhógair an Clr Úna Power, an Cathaoirleach, buaiteoirí an chomórtais.

Maoiniú Creative Ireland le haghaidh Scannánóirí & Beochantóirí

Mar chuid de phacáiste chun an earnáil chultúrtha agus chruthaitheach a spreagadh, á sholáthair faoi Chlár Creative Ireland de chuid an Rialtais, tugadh cuireadh do chéimnithe ó chúrsaí incháilithe de chuid Scoil Náisiúnta Scannánaíochta IADT chun clár faisnéise nó beochan bhunúil a chruthú. Bhí maoiniú ar oscailt do chéimnithe 2019 agus 2020 na gcúrsaí seo a leanas:

- BEal. ((Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse
- BEal. (Onóracha) sa Bheochan
- MEal. i Scríbhneoireacht Scáileáin i

gcomhair Scannán agus Teilifíse

- Máistreacht sna hEalaíona i dTáirgeadh Cruthaitheach & Airgeadas Scáileáin
- MEal. i mBeochan 3D
- MEal. sa Chineamatagrafaíocht (Mundus Comhroinnte)

Tar éis próiseas roghnaithe iomaíoch, bronnadh maoiniú ar chéimnithe IADT: Sean Doupe (€7,000 le haghaidh clár faisnéise a chruthú), Ann Upton (€6,500 le haghaidh beochana) agus ciste forbartha de €3,000 ar Cormac Campbell chun tacú le clár faisnéise atá i mbun léirithe a chríochnú.

5.3 Naisc Forbartha Sheachtracha

Malartuithe Mac Léinn Erasmus+

Mar gheall ar shrianta phaindéim COVID-19, tháinig laghdú suntasach ar líon na mac léinn Erasmus a bhí ag teacht isteach. Le linn 2020/2021, tháinig dháréag mac léinn Erasmus chuig IADT le dul i mbun staidéir; áiríodh leis na tíortha ar tháinig na mic léinn uathu :

- Fhrainc 5
- An Ghearmáin 3
- An Ungáir 2
- An tSóvaic 1
- An Ríocht Aontaithe 1

Áiríodh leis na réimse staidéir: Beochan, Ealaín, Dearadh don Stáitse agus don Scáileán, Cumarsáid Fhísiúil agus Fiontraíocht Fheidhmeach.

Le linn 2020/2021, chuaigh 27 mac léinn IADT thar lear le staidéar a dhéanamh. Is iad na tíortha a bhí mar chinn scríbe ná:

- An Fhionlainn 8
- An Ungáir 5
- An Spáinn 5
- An Ghearmáin 3
- An Fhrainc 2
- An Eastóin 1
- An Iodáil 1
- An tSualainn 1
- An Ríocht Aontaithe 1

Áiríodh leis na réimse staidéir: An Ealaín, Léiriú Scannánaíochta agus Teilifíse, an Ghrianghrafadóireacht, Bainistíocht Ealaíon, Fiontraíocht agus Bainistíocht, Léann na Meán Nua agus an Ríomhaireacht Chruthaitheach.

Reáchtáladh seacht dtréimhse oiliúna Erasmus le linn na bliana acadúla i gclár staidéir amhail: An Ealaín, Léann na Meán Nua, an Béarla, Léann na Meán agus na gCultúr agus Léiriú Ceoil Cruthaitheach sna cinn scríbe seo a leanas :

- An Ghearmáin 3
- an Danmhairg 1
- An Spáinn 1
- An Ísiltír 1

Malartuithe Foirne Erasmus+

Cuireadh gach soghluaisteach foirne isteach agus amach a bhí beartaithe do 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19.

5.4 Forbairt Fiontraíochta

5.4.1 Media Cube

Le linn 2020/2021, lean Media Cube orthu ag tacú le gnólachtaí nuathionscanta a bhfuil acmhainneacht mhór ghnó acu a chruthú agus a fhorbairt trí bhíthin tacaíochtaí meantóireachta a sholáthar agus trí bhíthin rochtain ar líonraí tacúla fiontraíochta a éascú.



5.4.1 Media Cube (ar lean)

Ba dhúshlán seasta le linn 2021 é COVID-19 roimh ghnólachtaí a bhí bunaithe in Media Cube. D'oibrigh Media Cube ar phlean uailmhianach a dearadh chun cuidiú le cliaint Media Cube le linn na tréimhse dúshlánaí sin agus dlús a chur lena bhfás i ndiaidh Covid-19. I Ráithe Deiridh 2021 d'fhill go leor de chliaint Media Cube ar an oifig agus tá áitíocht 100% sa bhfoirgneamh arís. Tá éirí go maith i gcónaí le cliaint Media Cube in ainneoin na ndúshlán leantach a bhaineann leis an bpaindéim agus tá athruithe tagtha orthu agus tá dul i bhfeiliúint déanta acu chun déileáil le riachtanais athraitheacha an mhargaidh.

Rinne Media Cube iarratas rathúil maoinithe ar Chiste Fhiontraíocht Éireann mar atá 'Powering the Regions', rud a thabharfaidh caoi chun obair bheartaithe athchóirithe in Media Cube a dhéanamh agus chun cuidiú le socruithe oibre hibridí in Media Cube díreach mar a choinneofar ar chláir agus tacaíochtaí fiontraíochta a sholáthar do ghnólachtaí nuathionscanta.

Ar na gníomhartha rathúla comhlachtaí de chuid Media Cube le linn 2020/2021 bhí:

- **Safecility:** Is gnólacht nuathionscanta i dtaca le hIdirlíon na nEarraí é Safecility atá dírithe ar thástáil ar chomhlíonadh a

uathoibriú d'úinéirí eastát mór. Tá seisear i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe á bhfostú ag an ngnólacht faoi láthair. In 2021, fuair an gnólacht conarthaí le Watford Borough Council, Broadland Housing Authority, BARCUD Housing Authority agus Cobalt Housing sa Ríocht Aontaithe chun a dteicneolaíocht nuálaíochta uathoibríthe a chur i bhfeidhm.

- **GladCloud:** Is Ardán Comhoibríthe le haghaidh Mhargáíocht na Meán Sóisialta (B2B2C) é GladCloud, ardán do bhrandaí náisiúnta chun feachtais a chur ar siúl go háitiúil ag an scála is feiliúnaí, trí bhithin urlabhraithe branda a dhéanamh de chomhpháiríthe cleamhnaithe ceannaithe. Tá an t-ardán deartha go sainiúil do bhrandaí a dhíolann earraí nó seirbhísí trí líonraí móra de cheannaithe faoi úinéireacht neamhspleách, amhail deochanna alcólacha i gcás beár, cosmaidí gairmiúla i gcás salón, seirbhísí seachadta bia/áirithinte bord i gcás bialann. Le linn 2021, bhí lúchair ar GladCloud comhaontú domhanda le Diageo a fhógairt, agus tá sé beo ar fud na Ríochta Aontaithe, Éire, an Ghearmáin, an Eilbhéis agus an Ostair, agus tá seoltaí bearthaithe do thús 2020 ar fud na Fraince, Deisceart na hEorpa, an Astráil, an Bhrasáil agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.



Ian Kiely, CEO of IK Drones

5.4.1 Media Cube (ar lean)

- **Capella Workplace Solutions:** Tá Capella Workplace Solutions tar éis ardán le haghaidh na hoibre hibridí a fhorbairt, ina bhfuil uirlisí praiticiúla agus bogearraí sealáíocht deisce a chuidíonn le fostaithe a thabhairt ar ais chuig an oifig go sábháilte agus le hobair sholúbtha a bhainistiú. Tá taithí fhairsing ag Criona Turley, Príomhoifigeach Feidhmeannach Capella Workplace agus céimí de chlár New Frontiers, ar dhearadh oifige agus rannpháirtíocht fostaithe, agus tá spéis mhór aici i Sláinte agus Sábháilteacht. Tá liosta cliant atá ag dul i méid ag Capella ar fud na hÉireann, na hEorpa agus SAM, agus tá sé i gceist an ngnólacht a bhonn custaiméirí agus a fhoireann a mhéadú in 2022.
- **The Digital Learning Institute:** is é misean Institiúid na Foghlama Digití, atá á threorú ag John Kilroy, an bhearna domhanda scileanna i ndearadh na foghlama digití a laghdú, agus conair ghairme do dhearthóirí foghlama digití a sholáthar. Tá oiliúint curtha ar bhreis is 2,000 mac léinn ag Institiúid na Foghlama Digití ó bunaíodh in 2019 í, trí bhithin cúrsaí atá creidiúnaithe ag ollscoileanna i ndearadh na Foghlama

Digití a thairiscint. Ar chliant chorparáideacha na hInstitiúide atá ag dul i méid i gcónaí: Boston Scientific, Vodafone, Zendesk, Primark, NHS agus Three. In 2021, sheol Institiúid na Foghlama Digití an Diplóma Gairmiúil i ndearadh na Foghlama Digití i dteannta le Glasgow University, agus bhunaigh Coiste Comhairliúcháin Tionscail i dteannta le ceannairí domhanda san Fhoghlaim Dhigiteach chomh maith.

- **IK Drones Consultants:** Díríonn IK Drones Consultants, atá á stiúradh ag an bPríomhfheidhmeannach CEO Ian Kiely, aird ar fhorbairt drón agus díreann go príomha ar ghnéithe spás na réitigh a bheidh ann amach anseo. Tar éis an gradam mar atá 'European Space Masters of Satellite Navigation' a ghnóthú in 2018, tá IK Drones Consultants ag obair faoi láthair mar chuid de chuibhreannas Eorpach ar GONAV IoT, ar algartam agus foireann sliseanna shuite ardchruinnis é a forbraíodh i gcomhar le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA). Déanfaidh an teicneolaíocht aimsiú iontaoifa shuíomh an iomad drón san fhíor-am a chumasú, éacht nár bhain eagraíocht ar bith amach ar scála dá leithéid go dtí seo. Tá sé



Ian Kiely, CEO of IK Drones

5.4.1 Media Cube (ar lean)

beartaithe go reáchtálfar seoladh idirnáisiúnta GEONAV IoT in Media Cube ag tús 2023, agus tacóidh ESA leis.

- **Xhail:** Is gnólacht teicneolaíochta nuathionscanta é Xhail atá dírithe ar earnálacha an cheoil agus na siamsaíochta, agus tá oibríochtaí ar siúl aige i mBaile Átha Cliath, Stócólm, Bostún agus Los Angeles. Tá forbartha ag Xhail teicneolaíocht dhílsithe a athróidh go brách an chaoi a gcruthaítear, a roinntear agus a bhaintear taitneamh as an gceol. Is féidir an teicneolaíocht is bonn le paitinní an ghnólachta a chur i bhfeidhm in earnálacha go leor, lena n-áirítear an scannánaíocht agus an teilifís, an fhograíocht agus fógraí, bolscaireacht agus scannán, an chluichíocht, na meáin shóisialta agus seirbhísí gréasáin. Oibríonn agus tacaíonn an gnólacht le healaíontóirí ar fud an domhain, agus soláthraíonn deiseanna inbhuanaithe giniúna ioncam. In 2022, seolfaidh Xhail feidhmchlár tomhaltóra a thabharfadh do dhuine ar bith, beag beann ar a chumas, an deis chun na láithreachtaí a bhfuil an fhuaim is fearr ar domhan acu a chruthú agus a roinnt lena líonra féin.
- **ZiggyTec:** Is gnólacht teicneolaíochta maoiné é ZiggyTec a chuireann ar fáil teicneolaíocht is déanaí Idirlíon na Rudaí Nithiúla ar fáil chun sonraí cruinne, iontaofa agus comhsheasmhacha ó fhoirgnimh thráchtála agus ó ionaid mhiondíola a sholáthar. Tugann réitigh ZiggyTec caoi d'úinéirí sócmhainní agus do bhainisteoirí saoráidí breathnú ar shonraí a bhailítear ó mhéadair fóntais agus braiteoirí cáilíochta aeir faoi dhíon trínár dtairseach ZiggyTec Cloud. Tugann na léamha sin, caoi do chliaint a chinntiú go bhfuil a bhfoirgnimh ag cloí le treoirlínte inbhuanaitheachta agus cabhraíonn siad le húsáid fuinnimh, uisce agus gáis a rialú, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht inmheánach an aeir. Tacaíonn ZiggyTec lena chliaint a thuilleadh trí bhíthin rochtain a thabhairt dóibh ar thuarascálacha míosúla agus seachtainiúla a reáchtáil, rud a chuireann ar a gcumas aon treocht agus réimse achrannach a aithint, ábhair ar féidir aghaidh a thabhairt orthu ansin agus monatóireacht níos dlúithe a dhéanamh orthu dá reir.



Donna Ledwidge and Renee O'Shaughnessy of FemTech Healthcare Ltd.

5.4.1.1 Alumni Media Cube

Bhí éirí go maith le roinnt céimithe Media Cubele linn 2020/2021, lenar n-áiríodh:

- **Femtech Healthcare Ltd.** - arna bhunú ag Donna Ledwidge and Renée O'Shaughnessy, is gnólacht eolaíochtaí sláinte agus áilleachta é Irish Femtech Healthcare Ltd. a úsáideann teicneolaíochtaí agus sonraí chun eispéireas iomlán an chúraim sláinte do mhná a athrú ó bhonn. In 2019, d'éirigh le Femtech infheistíocht dhomhanada €820 milliúin a fháil. In 2021, sheol siad KeyForHer.com, ardán uathúil ar ceann scríbe do mhná na hÉireann atá á chumhachtú é, ina gcuirtear comhairle, moltaí sláinte pearsantaithe, agus forlíontaí nádúrtha ar fáil. Is iad príomh-dhúshraitheanna ar a bhfuil an gnólacht tógtha ná an Míostrú, an Meanapás agus an Máithreachas. Tá borradh leanúnach tagtha ar fhás Femtech Healthcare Ltd mar gheall ar an éileamh ar uirlisí ar líne le haghaidh cúram sláinte de thairbhe na paidéime.
- **Equine MediRecord** - is é Equine MediRecord (gnólacht iarchéime New Frontiers) an ceannaire domhanda anois

maidir le frithdhópáil eachaí agus bogearraí leasa capall. Tá an gnólacht ag feidhmiú anois in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, sna Stáit Aontaithe agus san Araib Shádach. Tá Equine MediRecord tar éis dul i gcomhpháirtíocht le cuid de na brandaí eachaí is mó ar domhan, amhail: Breeders Cup World Championships, Saudi Cup, The Arabian Racing Organisation, The Thoroughbred Owners of California, The Kentucky Thoroughbred Association, agus Irish Veterinary and Welfare Commission. Agus é ag déanamh ionadaíochta ar Chill Dara sa chomórtas 'Ireland's Best Young Entrepreneur' in 2019, bhuaigh an gnólacht an gradam 'Irish Midlands Best Start-up'. Bhuaigh Equine MediRecord an gradam "Best Farm Software in EI Innovation Arena" ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2020. Bhí an gnólacht ina iomaitheoir náisiúnta sa bhabhta ceannais den chomórtas 'Easpórtálaí Éireannach na Bliana' in 2021 i nGradam Chumann na bhFeirmí Beaga. Tá Equine MediRecords lonnaithe sa Churrach, Co. Chill Dara anois.



LtoR: Tom Flanagan (NovaUCD), Ann Marie Phelan (IADT), and Paula Carroll (Enterprise Ireland)

5.4.2 Clár New Frontiers

Is clár forbartha fiontraíochta ceannródaíoch in Éirinn é an Clár New Frontiers, atá á mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann. I mí an Mheithimh 2021, d'fhógair Media Cube IADT agus NovaUCD comhpháirtíocht nua cúig bliana chun an Clár New Frontiers a sholáthar d'fhiontraíochtaí, agus IADT ag gníomhú mar phríomhchomhpháirtí. Is é cuspóir an chláir fiontraíochta seo dlús a chur le fás na ngnólachtaí nuálacha a bhfuil sé d'acmhainn acu scálú go hidirnáisiúnta.

Tar éis feachtas earcaíochta rathúil, cuireadh an chéad chlár New Frontiers Céim 1 i gcrích i mí na Samhna 2021, agus ghlac 35 gnólacht nuathionscanta páirt i gCéim 1. Bhí éascitheoirí an chláir ina bpríomhshaineolaithe ina réimse féin, agus chuir siad tástáil ar gach gnólacht i réimse leathan ábhar, lena áiríodh taighde margaidh agus bailíochtú margaidh, airgeadas, margaíocht, díolacháin agus straitéisí infheistíochta. Gabhfaidh 13 ghnólacht rannpháirteacha ar aghaidh chuig Céim 2 den Chlár, ina dtairgtear tacaíocht airgeadais bhreise de €15K in aghaidh an

duine, agus deasc the in Media Cube. Beidh Céim 2 ar siúl ó Mhárta go Meán Fómhair 2022.

Ar na n-éachtaí suntasacha a d'eascair as cláir New Frontiers roimhe seo tá:

VenueSearch - Tá Matthew Egan, Príomhfheidhmeannach agus Bunaitheoir VenueSearch, tar éis ardán a fhorbairt ina nasctar pleanálaithe cóisire, an pobal i gcoitinne agus gnólachtaí ar fud na hÉireann, le hionaid iontacha chun raon leathan imeachtaí corparáideacha, imeachtaí sóisialta agus eispéiris uathúla a óstáil. Cuireann VenueSearch ardán margaíochta digiteach den chéad scoth ar fáil d'ionaid chomhpháirtíochta chun a gcuid tairiscintí a chur chun cinn i gcaitheamh na bliana, do lucht féachana an-ábhartha, rud a chuireann ar a gcumas áirithintí grúpa brabúsaí a fháil leis an dua, leis an gcostas agus leis an iarracht is lú. Tá na leibhéil cuairteoirí agus áirithintí is airde riamh á bpróiseáil ag an ngnólacht ar an ardán in 2021 agus tá os cionn 100,000 cuairteoir ó gach cearn den domhan (foireann an ionaid go príomha) á dtiomáint go dtí uirlis áireamháin Venue Search maidir le acmhainn scartha shóisialta.

5.4.2 Clár New Frontiers (ar lean)

- **Eating Freely** - Is í Emma Murphy Príomhfheidhmeannach agus Bunaitheoir Eating Freely, ar clár teiripe agus cothaithe speisialaithe, atá bunaithe ar fhianaise le haghaidh an itheacháin mhothúchánaigh agus neamhord itheacháin ragúsacha. Tá clár féinstiúrtha ar líne agus líonra de Shainchleachtóirí Ceadúnaithe ag Eating Freely, a thacaíonn le cliant go pearsanta ar an láthair thar thréimhse 5-6 mhí. Bliain dhúshlánach ba ea 2020 agus mar ghealla ar Covid-19 cuireadh an oiliúint bheo ar fad ar ceal nó cuireadh stad léi. Chuaigh Eating Freely in oiriúint go tapa do chúinsí an ama agus d'aistrigh sé go dtí múnla oiliúna iomlán ar líne, agus thosaigh siad ar cleachtóirí a oiliúint go hidirnáisiúnta, sna Stáit Aontaithe go príomha. Tá an múnla ghnó forbartha ina deis saincheadúnais anois, mar a n-earcaíonn agus a bhainistíonn saincheadúnaithe críche a líonra áitiúil féin de 12-20 Cleachtóirí Eating Freely. Tá Eating Freely ag bailiú babhta infheistíochta réamhshíolta anois chun an teacht isteach

i margadh na Stát Aontaithe in 2022 a mhaoiniú.

- **Education Elephant Ltd.** - Bhunaigh beirt síceolaithe agus deirfiúrach, Rebecca Good agus an Dr Kate James, Education Elephant Ltd. in 2017, agus thosaigh siad ag trádáil i 2019. Is ardán digiteach é do theaghlaigh agus do chúramóirí leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Faoi láthair, oibríonn Education Elephant Ltd. i gcomhar le saineolaithe domhanda chun eispéiris foghlama digití a chruthú, eispéiris a chuidíonn le teaghlaigh rochtain a fháil ar thacaíocht, ar eolas agus ar thuiscint riachtanach ar bhonn níos tapúla agus níos éifeachtúla ná na bealaí traidisiúnta. Tá Education Elephant Ltd. tar éis tástáil shíciméadrach do scoileanna agus do ghairmithe sláinte a fhorbairt freisin, tá sé tar éis dul i gcomhpháirtíocht le gnólacht de chuid Stát Aontaithe Mheiriceá chun cearta eisiacha dáilte a fháil ar thástáil shíciméadrach eile, agus díofar an dá thástáil araon le scoileanna agus heagraíochtaí go hidirnáisiúnta.



Kate Carter, founder of Kate Carter Beauty



John Hayes, Clutch Academy co-founder

5.4.3 Dianchampa Fiontraíochta na Mac Léinn 2021

I mí Eanáir agus mí Feabhra 2021, sholáthar Media Cube a Dhianchampa Bliantúil Fiontraíochta Mhac Léinn IADT go fíorúil i gcomhréir le treoirlínte Covid-19. D'oibrigh mic léinn roghnaithe IADT le foireann meantóirí ó ghnólachtaí Media Cube agus le hionadaithe ó Fhiontraíocht Éireann, ó Oifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (LEO), agus ó Bhanc na hÉireann chun a gcuid smaointe gnó a fhorbairt agus a bheith 'réidh' le haghaidh infheistíocht a éilimh. Ba é imeacht deiridh an Dianchampa ná cur i láthair na 'Elevator Pitches' ag na mic léinn do phainéal, lena n-áiríodh ionadaithe ó Enterprise Equity Venture Capital Investment Management, Media Cube agus an Roinn Fiontraíochta IADT.

Bhuaigh Kate Carter, mac léinn 3ú bliain den BEol. (Onóracha) i mBainistíocht Gnó in IADT, an gradam móreilimh 'Most Promising Entrepreneur Award', i ngeall ar cur i láthair gnó cumasach inar dhíríodh ar tháirgí réitigh cosmaidí orgánacha. Bhuaigh Paul McDermott agus John Hayes, mic léinn de chuid an BBus (Onóracha) i mBainistíocht Ghnó an gradam 'e

Most Developed Business Prize for the Clutch Academy', ina ndírítear ar mhuintín a chothú agus ar scileanna imeartha foirne sa spórt do leanaí agus do dhaoine fásta leochaileacha. Bhí rathúlacht an Clutch Academy le feiceáil san iris 'Sunday Independent'. Ba é Cian O'Carroll, 3ú bliain BA (Onóracha) Léann na Meán Nua, buaiteoir an ghradaim 'Most Innovative Business Prize' i ngeall 'Corporate Cian', cainéal aorach YouTube.

Cuireadh tús leis an bpróiseas iarratais agus roghnúcháin do Dhianchampa 2022 i mí na Samhna 2021. Forbraíodh an dianchampa seo chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don fhiontraíocht i measc mhic léinn IADT ar fud na ndisciplíní acadúla.

5.5 Imeachtaí & Éachtaí

Na Scoileanna Scannánaíochta is fearr 2020 de chuid Variety Magazine (Meán Fómhair 2020)

Ainmníodh Scoil Náisiúnta Scannán IADT ar cheann de na Scoileanna Scannánaíochta is fearr de chuid Variety Magazine don bhliain 2020. Ba é seo an chéad uair a áiríodh scoil Éireannach í ar an liosta gradamach sin. Áiríodh ar an liosta na hinstitiúidí seo a leanas: University of Southern California, Beijing Film Academy, the UK National Film & Television School, agus VGIK Mhoscó. Gach bliain, roghnaíonn Variety na scoileanna agus na hoideoirí scannánaíochta is fearr ar fud an domhain ina dtuarascáil, “The Entertainment Education Impact Report: The Top Film Schools and Educators from around the Globe”, agus bhí IADT ar cheann de na deich scoil nár scoileanna de chuid SAM iad a luadh sa tuairisc.

Comórtas na Scríbhneoirí Óga (Feabhra 2021)

I bhFeabhra 2021, sheol IADT an Comórtas na Scríbhneoirí Óga do Daltaí Idirbhliana a bhí ag freastal ar scoileanna i gceantar údaráis áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tugadh cuireadh cruthaitheach do dhaltaí píosa bunúil scríbhneoireachta (400 focal ar a mhéad) a réiteach bunaithe ar an smaoineamh DÓCHAS.

Bronnadh Dearbhán One4All arbh fhiú €100 é ar na trí hiontráil ab fhearr agus déanfar rang na mbuaiteoirí a óstáil ar thuras ar Scoil Náisiúnta Scannánaíochta IADT, agus réachtálfar lón san Institiúid a luaithe a agus a bheith a leithéid ceadaithe de réir na dtreoirínte sláinte poiblí. Ba iad seo a leanas na buaiteoirí:

- Finn Wallace ó CBC, Baile na Manach i ngeall ar ‘Burning Hope’ (aiste);
- Aoife Ní Chúinn ó Naomh Gearóid, Bré (píosa físiúil)
- Varshika Mecheri ó Choláiste Naomh Aindrias, Baile an Bhóthair i ngeall ar ‘An Unsafe’ (dán)

Féile Chathair Foghlaim Bhaile Átha Cliath (Márta 2021)

Is tionscnamh é Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath (DLC) atá á mhaoiniú ag an Údarás um Ardoideachas chun comhionannas rochtana ar ardoideachas a chur chun cinn go comhoibritheach do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Is comhpháirtíocht é DLC a bhfuil sé choláiste ina mball inti: IADT, Institiúid Oideachais Marino (MIE), an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD), Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD), agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD).



5.5 Events & Achievements (Cont'd.)

Féile Chathair Foghlaim Bhaile Átha Cliath (ar lean)

Tá comhpháirtíocht láidir ag DLC le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETB), le Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath-Dún Laoghaire (DDLETB) agus le Líonraí Oideachais ar fud Bhaile Átha Cliath. Tá Denise McMorrow, Bainisteoir Eispéireas na Mac Léinn (IADT) agus Seán Delaney, Léachtóir Sinsearach (MIE) ina gcomhchathaoirligh ar DLC.

D'óstáil IADT Féile Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath mar imeacht fíorúil ón 22 go dtí an 24 Márta 2021. Le linn na dtrí lá, ghlac 8,000 rannpháirtí páirt i raon leathan imeachtaí a ceapadh chun freastal ar leibhéil éagsúla spéise, lena áiríodh leanaí óga agus an scor gníomhach. Ba é an aidhm a bhí leis ná daoine a spreagadh le creidiúint iontu féin, a bheith rannpháirteach, foghlaim a dhéanamh, agus a thuiscint gur féidir leis an bhfoghlaim a bheith spráúil agus í a cheiliúradh ar bhealach cuimsitheach.

Le linn na Féile, chuir DLC 'Learner Voices' chun cinn, lena áiríodh duine de chéimithe IADT,

Pat Fitzsimons, a labhair ar a thuras pearsanta maidir le fillleadh ar an gcoláiste agus ar an gcaoi a bhfuil a chuid spriocanna á mbaint amach aige leis na tacaíochtaí atá ar fáil dó.

5.6 Margaíocht

Le linn na bliana acadúla 2020/2021, lean an Oifig Margaíochta de sholáthar cúrsaí na hInstitiúide a chur chun cinn, d'fhaisnéis atá cothrom le dáta faoi shrianta paindéime an Rialtais a chur ar fáil, agus d'imeachtaí ar líne a chur chun cinn chomh maith céanna.

Ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2021, cuireadh Spotlight Sessions, sraith cainteanna gearra CAO ar líne, ar fáil do mhic léinn ionchasacha, inar soláthraíodh dóibh faisnéis ó léachtóirí agus ó mhic léinn reatha. D'fhreastail 980 mac léinn go cianda, agus reáchtáladh an seisiún faisnéise thar thréimhse deich seachtaine.

I mí na Bealtaine 2021, sheol an Fhoireann Margaíochta leathanach baile nua-dheartha IADT. Ba é cuspóir an tionscadail seo leathanach baile IADT a athfhorbairt, agus béim ar an úsáid mhóibileach, i dtreo agus go gcruthófar ardán ina ndéantar freastal ar riachtanais straitéiseacha na hInstitiúide.



5.6 Margaíocht (ar lean)

I mí an Mheithimh 2021, sholáthar an Oifig Margaíochta imeacht rathúil On Show 21, lenar áiríodh:

- Taispeántas ar líne a raibh os cionn 18,000 amharc air;
- Feachtais chomhtháite shóisialta agus dhigiteacha ar fud gach ardáin IADT;
- Rogha saothar le 400 mac léinn a bhain céim amach agus a teilgeadh ar bhallaí Leabharlann Lexicon i nDún Laoghaire;
- Ócáid lainseála ar líne;
- Clúdach preasa sna foilseacháin seo a leanas:
 - ⇒ The Irish Times — leathanach tosaigh
 - ⇒ The Irish Times — Íomhá an Lae
 - ⇒ The Herald
 - ⇒ Gné ghréasáin RTÉ.ie
 - ⇒ RTÉ Radio 1— Morning Ireland in ‘What the papers say’
 - ⇒ The Examiner

Le linn Shamhradh 2021, d’fhorbair an Oifig Margaíochta sraith ábhar chun na príomhtheachtaireachtaí sábháilteacha a

chur in iúl do chomhaltaí foirne, do mhic léinn agus do chuartheoirí le linn shrianta phaindéim Covid-19. Áiríodh orthu sin:

- Leathanach feiceálach baile ar láithreán gréasáin IADT;
- Deilbhíní Sábháilteacha COVID;
- ‘Físeáin maidir le ‘Filleadh ar an gCampas’;
- Comharthaíocht sheachtrach (lena n-áirítear bratacha);
- Comharthaí inmheánacha agus comharthaí aimsithe slí do gach doras isteach;
- Cláir éascaíochta ag gach bealach isteach fhoirgnimh a thaispeáint.

5.7 Tionscnaimh/Forbairtí Campais

5.7.1 Foirgneamh Nua Digiteach

I mí na Samhna 2017, áiríodh Foirgneamh Teagaisc na Meán Digiteach de chuid IADT in aon tionscadal déag a aithníodh le haghaidh maoinithe mar chuid de Chlár Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (PPP) €200 milliún don eanáil ardoideachais. Cuirfidh an foirgneamh spás ar fáil chun tacú le cláir chruthaitheacha, dhigiteacha agus



5.7.1 Foirgneamh Nua Digiteach (ar lean)

theicneolaíocha agus chun iad a fhás, agus cuirfear bialann campais 600 suíochán agus spásanna foghlama neamhfhoirmiúla a chur ar fáil dá bharr chomh maith. Nuair a bheidh sé críochnaithe in 2022/2023, déanfaidh an foirgneamh freastal ar an bhfás ar líon na ndaltaí i réigiún a bhfuiltear ag súil leis, tuairim is 590 dalta.

I mí Iúil 2019, cuireadh iarratas pleanála faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus thug an Bord Pleanála cead pleanála dó ag deireadh mhí Lúnasa 2020.

I mí na Samhna 2019, chuir an Ghníomhaireacht Airgeadais Forbartha Náisiúnta, agus í ag feidmiú ina comhairleoir airgeadais don chlár PPP, tús le próiseas tairisceana don Fhoireann Tionscadail. Tar éis próiseas réamhcháilíochta, cuireadh triúr iarrthóirí ar an ngearrliosta agus tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh san idirphlé i mí Lúnasa 2020. Aithníodh tairgeoir tosaíochta.

Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tógáil i Ráithe 3 de 2022, agus críochnófar an foirgneamh taobh istigh d'achar 26 mí.

5.8 Tuarascáil ar Bhainistíocht Fuinnimh

5.8.1 Feachtas Feasachta Fuinnimh

Le linn 2020/2021, lean IADT leis an gcomhpháirtíocht le feachtas OPW mar atá 'Optimising Power at Work' agus reáchtáil IADT imeachtaí ar líne do Sheachtain Ghlas an Champais ón 26 go dtí an 30 Aibreán 2021. Áiríodh leis an imeacht tráth na gceist maidir le fuinneamh, caint foirne ar fheasacht fuinnimh sa bhaile, méadrú cliste agus feithiclí leictreacha. Ina theannta sin, reáchtáladh comórtas do mhic léinn ina raibh ní ba mhó ná 20 iontráil agus bhí buaiteoirí i gceithre chatagóir (Scannánaíocht & Beochan, Dealbhóireacht & Cumarsáid Fhísiúil, Coincheapa, agus na Meáin).

5.8.2 Inbhuanaitheacht

I mí Mheán Fómhair 2020, tugadh fógra do IADT gur éirigh leis an togra na hInstitiúide, a cuireadh faoi bhráid Chlár an Ard-Oideachais um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus um Threo-Aimsitheoir Dícharbónaitghe de chuid HEA/SEAI, maidir le huasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh i bhFoirgneamh Aitriam. Bronnadh maoiniú €450,000 ar an Institiúid chun na hoibreacha seo a leanas a dhéanamh ar an

5.8.2 Inbhuanaitheacht (ar lean)

Aitriam, ar cuireadh tús leo le linn Shamhradh 2021:

- Teaschaidéal nua a shuiteáil chun uisce te tí a théamh;
- Iarfheistiú soilsithe LED ar fud an fhoirgnimh agus suiteáil braiteoirí láithreacht-bhunaithe/solais lae;
- Comhláí radaitheora teirmeastatacha a shuiteáil ar gach radaitheoir;
- An clúdach dín agus an t-inslíú atá ann cheana os cionn na Leabharlainne a bhaint agus a athsholáthar;
- Suiteáil inslithe breise thar uasteorainneacha an tríú hurlár den fhoirgneamh;
- Suiteáil lasca uathoibríocha cumhachta i ngach saotharlann ríomhaireachta;
- An clúdach dín agus an t-inslíú atá ann cheana os cionn na Leabharlainne a bhaint agus a athsholáthar;
- Suiteáil inslithe breise thar uasteorainneacha an tríú hurlár den fhoirgneamh;
- Suiteáil lasca uathoibríocha cumhachta i ngach saotharlann ríomhaireachta;


- Méadair seiceála a shuiteáil ar na príomhfhóntais chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht;
- Suirbhéanna íomháithe theirmigh agus teanntás aeir a dhéanamh, lena n-áirítear aon oibreacha logánta a leanann na suirbhéanna.

5.8.3 Mionoibreacha

Le linn 2020/2021, tugadh faoi na mionoibreacha seo a leanas:

- Suiteáil soilsithe LED nua;
- Suiteáil soilsithe agus coráis rialaithe nua LED;
- Ceamaraí CCTV breise/athsholáthair a shuiteáil go seachtrach agus san Aitriam;
- Rochtain bhreise ar chártaí a fheistiú ar dhoirse inmheánacha agus seachtracha i bhFoirgneamh na gCearnóg, agus bogearraí rialaithe rochtana uasghrádaithe a shuiteáil;
- Athphéinteáil Fhoirgneamh na Carraige Léithe.

Energy Use kWh	2021	2020	2019	2018	2017	2016	2015	2014	2013	2012	2011	2010
Gas	2275788	2147267	2286567	2379600	2266009	2090151	1949765	1720395	2202143	1921221	1600379	1996718
Electricity	1445687	1381857	1809565	1939692	1905654	1800975	1736304	1721298	1885562	1812206	1788057	1763645



5.8.4 Ídiú Fuinnimh

Le linn na bliana acadúla 2020/2021, bhí an t-ídiú leictreachais tuairim agus 1,400 kWhs, laghdú 19.7% ar mbliain bhonnlíne 2018. Bhí an scéal amhlaidh mar gheall ar laghdú ar líon na comhaltaí foirne agus na mac léinn a bhí ar an gcampas le linn shrianta phaindéim COVID-19. Bhí an t-ídiú gáis le linn 2020/2021 thart ar 2,600 kWhs, a bhí 9.8% ní ba mhó ná an bhliain bhonnlíne 2018. Bhí an scéal amhlaidh mar gheall ar na tréimhsí fada reatha do chórais téimh le linn Fhómhar 2020, agus le linn Gheimhreadh agus le linn Earrach 2021 chun cúiteamh a dhéanamh ar bhearta aerála níos faide agus níos déine de bharr phaindéim COVID-19. Tháinig laghdú 3% ar ídiú fuinnimh na hInstitiúide do 2020/2021 le hais na bliana roimhe sin.

5.8.5 Freagra Eastát & Saoráidí ar COVID-19

In 2021, cuireadh an Fhoireann Eastát & Áiseanna ar an ngearrliosta le haghaidh na nGradam Oideachais agus bronnadh an tríú háit orthu sa chatagóir Bainistíochta Saoráidí i ngeall ar a Freagairt Éigeandála ar COVID-19. Maidir le tús na bliana acadúla 2020/2021,

rinneadh leasuithe ar an scaradh sóisialta i spásanna teagaisc, agus coinníodh na freagraí a cuireadh i bhfeidhm le linn 2019/2020.

Le linn 2020/2021, rinne an Institiúid 125 monatóir ar cháilíocht an aeir a sholáthar agus a shuiteáil i ngach seomra aeráilte go nádúrtha. Is córas atá bunaithe ar ríomhaire é sin a thugann foláireamh do chomhaltaí foirne na hOifige Eastát & Saoráidí má sháraíonn seomra na tairseacha bunaithe.

D'éirigh leis an Institiúid iarratas a dhéanamh ar chead pleanála do cheithre cheannbhrat nasctha (6 m x 24 m) atá le suiteáil i gCúirt na Cearnóige chun spásanna breise suíochán seachtrach clúdaithe a chur ar fáil do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn.

5.9 Bainistíocht Sábháilteachta

5.9.1 Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta

Le linn na bliana acadúla 2020/2021, d'fhreastail comhaltaí foirne ábhartha ar na cúrsaí sábháilteachta seo a leanas (a reáchtáladh go fíorúil agus ar an láthair):

- Oiliúint Gharchabhrach COVID (Otharcharr Naomh Seán)
- Teacht Aniar Digiteach (Chris Flack Unplug)
- Oiliúint sa Mheasúnú Riosca Eirgeanamaíochta (Ayrton)
- Cúrsa 3 Lá don Fhreagróir Garchabhrach (Otharcharr Naomh Seán)
- Cúrsa Athnuachana don Fhreagróir Garchabhrach (Otharcharr Naomh Seán, Medcore & Ord Mhálta)
- Oiliúint do Príomhoibríthe COVID (IBEC)
- Oiliúint do Príomhoibríthe Ionadaíochta (IBEC)
- Traenáil Láimhsithe (Inmheánach)

Ina theannta sin, le linn na bliana acadúla 2020/2021, cuireadh roinnt modúl ar líne ar fáil do chomhaltaí foirne a bhí á soláthar ag Legal Island sna réimsí seo a leanas:

- Ionduchtú COVID-19 maidir le Filleadh ar an Obair
- Comhlíonadh RGCS

- Sonraí a Chosaint agus tú ag Obair sa bhaile in Éirinn
- Tú féin a Chosaint agus tú ag Obair sa bhaile in Éirinn
- Imní maidir le Filleadh ar an Obair

5.9.2 Druileanna Dóiteáin agus Gníomhachtuithe Aláirim Dóiteáin

Mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus na srianta a lean, níor reáchtáladh aon Druileáil Dóiteáin ar an gcampas le linn 2020/2021.

Le linn na bliana acadúla, reáchtáladh cúig ghníomhachtú aláirim dóiteáin, agus aláirim bhréagacha a bhí i ngach ceann acu. Chas an Bainisteoir Eastát agus Saoráidí le Bainisteoir Ceantair Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath d'fhonn Plean Freagartha Éigeandála na hInstitiúide a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear an Prótacal maidir le glaonna a athrú.

5.9.3 Tuairiscíú Reachtúil ar Thimpistí agus ar Theagmhais

Le linn na bliana acadúla 2020/2021, tharla timpiste amháin ar campas IADT. Cuireadh cóir leighis ar an duine gortaithe ar an láthair agus níorbh éigean an scéal a thuairiscíú don Údarás Sláinte & Sábháilteachta. Níor tharla aon teagmhas ar an gcampas le linn 2020/2021.



5.9.4 Ráiteas Sábháilteachta


Rinneadh an Ráiteas Sábháilteachta reachtúil a athbhreithniú agus a athdhréachtú i Meitheamh 2021.

5.10 Freagairt IADT ar COVID-19

Le linn 2020/2021, lean Grúpa COVID-19 na hInstitiúide de chasadh lena chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon saincheist/ábhar inní a tógadh maidir le paindéim COVID-19 agus maidir le freastal ar an láthair. Cuireadh an t-eolas ba dhéanaí chuig mic léinn agus comhaltáí foirne go rialta le linn na bliana acadúla.

I rith na bliana acadúla, dháil Roinn Seirbhísí Eolais na hInstitiúide os cionn 300 gléas móibíleach nua ar bhaill foirne agus ar mhic léinn chun an chianobair agus an cianstaidéar a éascú. Chuir an Roinn i bhfeidhm saotharlann 100 suíochán ar a raibh fáil go cianda ag baill foirne agus mic léinn.

Ina theannta sin, rinne an ISD roinnt saotharlanna ríomhaireachta agus spásanna teagaisc a uasghrádú chun an fhoghlaim ar líne a éascú, agus bhí córais nua il-teilgean agus fearais il-cheamara i



bhfeidhm sna seomraí chun an teagasc hibrídeach agus an teagasc ar líne araon a éascú. Cruthaíodh aonad móibíleach le go gcuirfeadh i bhfeidhm i stiúideonna ar fud an champais, agus thacaigh an ISD le comhaltáí maidir le stiúideonna móibíleacha a bhunú chun críocha an teagaisc chianda.

Tugadh Ráiteas Beartais COVID-19 agus Prótacail Champais na hInstitiúide cothrom le dáta i gcomhréir le ceanglais an Rialtais.

Le linn 2020/2021, leanadh de chruinnithe uile na hInstitiúide, lena n-áirítear cruinnithe de chuid an Bhoird Rialaithe, a reáchtáil ar ardáin ar líne.

Cuireadh i bhfeidhm agus riaradh gach próiseas acadúil, lena n-áirítear scrúduithe agus measúnuithe; glacadh agus measúnú portfóilíonna agus taispeántas deireadh bliana trí bhithin úsáid a bhaint as ardáin ar líne agus as ardáin chianda.

Fuair an Institiúid raon tacaíochtaí Rialtais tríd an Údarás um Ardoideachas i ndáil le ríomhairí glúine do mhic léinn, tacaíochtaí meabhairshláinte don fhoireann agus do mhic léinn agus tacaíochtaí breise le haghaidh a) ullmhúcháin chun filleadh ar an gCampas agus b) forbairt agus leanúint ar aghaidh le soláthar acadúil chianda.



6 Pearsanra

6.1 Líon Foirne

Tá na figiúirí thíos bunaithe ar ríomhanna Coibhéiseacha Ama Iomlán (WTE) agus tá poist féin-mhainithe iontu amhail an 31 Meán Fómhair 2021:

Chatagóir Foirne	2020/2021
• Acadúil	130
• Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann	54
• Taighde	5
• Seirbhísí do Mhic Léinn	5
• Tacaíocht Theicniúil	6
• Tacaíocht Neamhtheicniúil	<u>10</u>
Iomlán	219

In 2009, chuir an Rialtas na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimhir 2) i bhfeidhm ina ndéantar foráil le haghaidh uasteorainn rialaithe fostaíochta don IADT. Don 2020/2021, b'ionann an tuaslíon agus 218 Coibhéis Lánaimseartha le haghaidh IADT maidir le poist croíchistithe.

6.2 Comhionannas agus Éagsúlacht

6.2.1 Athena SWAN Ireland

In 2017/18 bunaíodh Foireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN agus ba é an Dr Andrew Power, Clárathoír agus Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht a bhí mar chathaoirleach air.

Bunaíodh Cairt Athena SWAN sa bhliain 2005 chun tiomantas maidir le gairmeacha na mban i bhfostaíocht san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht, sa mhatamaitic agus sa leigheas in ardoideachas agus taighde a spreagadh agus a aithint. Tugadh freagracht d'Fhoireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN maidir le measúnú na hInstitiúide, agus le hullmhú iarratas na hInstitiúide le Advance HE chun teastasú Cré-umha faoin gclár Athena SWAN a bhaint amach.

Mar a luadh cheana sa Tuarascáil seo, i mí Aibreáin 2019, rinne an Institiúid iarratas ar chreidiúnú Cré-Umha Athena SWAN ach níor éirigh léi ar an babhta sin. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin le haghaidh Athena SWAN, scaip SAT 'suirbhé cultúir' ar gach comhalta foirne idir mí na Nollag 2020 agus mí Eanáir 2021. Dearadh an suirbhé chun tuiscint fhianaise-bhunaithe ar an timpeallacht oibre a chur ar fáil, ar an gcampas agus lasmuigh de, agus chun measúnú a dhéanamh ar dheiseanna agus ar dhúshláin na hInstitiúide maidir le comhionannas inscne agus saincheisteanna EDI níos leithne. Rinne Bainisteoir EDI riaradh agus anailís ar an suirbhé. Déanfaidh IADT iarratas ar chreidiúnú Cré-Umha arís i mí Aibreáin 2022 re-apply for Bronze accreditation in April 2022.

6.2.2 Ciste um Fheabhsú Comhionannais Inscne 2020 de chuid an Údaráis um Ardoideachas

I mí Feabhra 2021, roghnaíodh IADT mar dhuine d'fhaighteoirí Chiste Feabhsaithe Comhionannais Inscne an Údaráis um Ardoideachas, a raibh de chuspóir leis a comhionannas inscne a chur chun cinn in Ardoideachas na hÉireann. Beidh an tionscadal á threorú ag IADT — “Irish Network for Gender Equality in Computing (INGENIC): The Collective Voice for Gender Equality in Computing with partners GMIT and Maynooth University”. Líonra Éireannach d'acadóirí is ea INGENIC, ina bhfuil baill ó institiúidí ardoideachais ar fud na hÉireann, agus cuireann sé ardán ar fáil chun comhordú a dhéanamh ar an taighde a dhéanann go leor institiúidí ardoideachais maidir le comhionannas inscne sa ríomhaireacht. Cruthóidh an maoiniú a chuireann an tÚdarás um Ardoideachas ar fáil do IADT, GMIT agus MU dhá ról cúntóirí taighde, chun cur chuige aontaithe a chinntiú i leith bailiú agus anailísíú sonraí i réimse an chomhionannais inscne sa ríomhaireacht.

6.2.3 Imeachtaí Comhionannas, Éagsúlachta agus Cuimsithe 2020/2021

Reáchtáladh roinnt imeachtaí a bhain le EDI le linn 2020/2021. Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh ar an 8 Márta 2021, d'eagraigh IADT sraith imeachtaí ar líne:

- Thug an Dr Anne O'Brien (Ollscoil Mhá Nuad) léacht dar teideal 'Women, Inequality and Media Work'. Bhí an léacht ar son tlonad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath.
- Thug Loretta Dignam (Bunaitheoir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin The Menopause Hub), caint dar teideal 'Menopause in the Workplace' chomh maith.
- Tugadh cuireadh do mhic léinn dara leibhéal agus dá dtuismitheoirí éisteacht le scéalta spreagúla a maidir le staidéar a dhéanamh an Ríombhaireacht agus maidir le hobair inti chun tuilleadh iníonacha léinn a spreagadh chun dul leis an Ríomhaireacht mar rogha céime. Ba iad Anne Wright (an Roinn Teicneolaíochta & Síceolaíochta) agus Michele Murphy (Oifigeach Idirchaidrimh Scoile) a d'eagraigh an ócáid.
- Reáchtáil Foireann Margaíochta IADT feachtas meán sóisialta dar teideal 'Celebrating the Women of IADT'.

Le linn 2020/2021, d'eagraigh Bainisteoir EDI seisiúin oiliúna do chomhaltaí foirne maidir le comhionannas cine, comhionannas inscne san ionad oibre, agus féiniúlacht inscne agus léiriú inscne. Ghlac gach ball de na Foirne Feidhmiúcháin agus Bainistíochta páirt san oiliúint ar chomhionannas cine.

6.2.3 Imeachtaí Comhionannas, Éagsúlachta agus Cuimsithe 2020/2021 (ar lean)

Le linn 2020/2021, d'éagraigh Bainisteoir EDI seisiúin oiliúna do chomhaltaí foirne maidir le comhionannas cine, comhionannas inscne san ionad oibre, agus féiniúlacht inscne agus léiriú inscne. Ghlac gach ball de na Foirne Feidhmiúcháin agus Bainistíochta páirt san oiliúint ar chomhionannas cine.

6.2.4 Creat um Thoiliú

Déanann Bainisteoir Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chreata um Thoiliú san Institiúid agus tá sé/sí ina C(h) athairleach ar Grúpa Oibre IADT um Thoiliú Príomhpháirtithe leasmhara atá i mballraíocht an ghrúpa, lena n-áirítear comhaltaí foirne acadúla, Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn, Acmhainní Daonna, EDI, ionadaithe ó Chomhaontas na Mac Léinn, agus sainghníomhaireachtaí seachtracha.

Le linn 2020/2021, cuireadh ceardlanna toilithe ar líne ar fáil do gach mac léinn sa chéad bhliain. Ina theannta sin, chuir Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath oiliúint ar fáil maidir le nochtadh foréigin ghnéasaigh do phríomhchomhaltaí foirne in

EDI, Acmhainní Daonna, Ionad Sláinte na Mac Léinn agus IADTSU.

Ar an 27 Bealtaine 2021, sheol Oifig EDI Plean Gníomhaíochta IADT um Thoiliú chun dul i ngleic leis an bhForéigean Gnéasach agus leis an gCiapadh Gnéasach. Glactar cur chuige uile -institiúide sa Phlean Gníomhaíochta, agus tá gníomhaíochtaí ann maidir le cultúr institiúideach, taifeadh, beartas agus nósanna imeachta, agus tionscnaimh spriocdhírthe. Tugadh cuireadh do gach comhalta foirne chuig an seoladh, agus leagadh béime ar éiteas comhoibríoch chur chuige IADT i leith chultúr an fhoréigin ghnéasaigh san ardoideachas a athrú.

Tar éis sheoladh Phlean Gníomhaíochta IADT um Thoiliú, sholáthar Oifig EDI Oiliúint Chéad Fhreagóra ar do bhaill foirne san Oifig Acmhainní Daonna, mar phríomhphearsanra a bhíonn ag déileáil le nochtadh agus gearáin. Ina theannta sin, cuireadh oiliúint Consent Plus ar Ambasadóirí Mac Léinn na Chéad Bhliana mar chuid dá gclár oiliúna níos leithne roimh an mbliain acadúil nua.

6.2. Staitisticí Inscne mar a bhí ar an 31 Lúnasa 2021

Tá an tsaincheist maidir le comhionannas inscne ríthábhachtach do IADT. Aithníonn an Institiúid go bhfuil tearcionadaíocht ag mná ar fud na hearnála ardoideachais agus go mbíonn orthu cur suas le réimse saincheisteanna áirithe, lena n-áirítear claonadh comhfhiosach agus neamh-chomhfhiosach, gnéasachas, freagrachtaí breise mar chúramóirí agus iompar míchuí. Dúirt IADT go poiblí go bhfuil sé tiomanta do champas éagsúil, do dheiseanna a chur chun cinn do gach duine agus d'idirghabháil spriocdhírthe maidir le comhionannas inscne go sonrach.

Féachann IADT le timpeallacht oibre a chur chun cinn atá saor ó idirdhealú ar fhorais stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil. Tá foireann tiomanta, dea-cháilithe agus dinimiciúil ag IADT a thuigeann agus a scaipeann fíis agus misean na hInstitiúide. Tá ár bhfoireann riachtanach chun fíis agus misean an IADT a bhaint amach. Cinnfidh a n-idirghníomhaíochtaí dearfacha agus gairmiúla maidir le comhionannas inscne le raon

páirtithe leasmhara, go himheánach agus go seachtrach, rath leanúnach agus forbairt na hInstitiúide.

I mí Eanáir 2021, chuir an Institiúid dhá iarratas faoi bhráid an Údaráis um Ardoideachas le haghaidh maoiniú ón Tionscnamh Ceannaireachta Acadúla Sinsearaí (SALI). Tá SALI dírithe ar ghníomh dearfach a dhéanamh chun dlús a chur le comhionannas inscne ag gráid shinsearachta acadúla in Éirinn.


Tá baill foirne IADT riachtanach chun fíis agus misean na hInstitiúide a bhaint amach. Cinnfidh a n-idirghníomhaíochtaí agus caidreamh dearfach agus gairmiúil maidir le comhionannas inscne le raon páirtithe leasmhara, go himheánach agus go seachtrach, rath agus forbairt leanúnach na hInstitiúide. Tá IADT ag cur ceist an chomhionannais inscne chun cinn go gníomhach ó thaobh foirne agus ó thaobh tacú le himeachtaí mac léinn, i.e. ócáid bhliantúil Young Women in Film. Tá dul chun cinn maith déanta maidir le líon na foirne i bpoist níos airde ar fud na hInstitiúide. Taispeántar an miondealú inscne laistigh den Institiúid sna léaráidí thall.

6.2.2 Staitisticí Inscne amhail an 31 Lúnasa 2021 (ar lean)




Comhlacht Rialaithe

Mná **50%** Fir **50%**
 Mná **9** Fir **9**




Gach Ball Foirne (WTE)

Mná **52%** Fir **48%**
 Mná **113** Fir **105**




Foireann Feidhmiúcháin

Mná **33%** Fir **67%**
 Mná **2** Fir **4**




Baill Foirne Acadúla (WTE)

Mná **47%** Fir **53%**
 Mná **63** Fir **72**



Foireann Bainistíochta

Mná **47%** Fir **53%**
 Mná **9** Fir **10**



Baill Foirne Gairmiúla, Bainistíochta agus Tacaíochta (WTE)

Mná **60%** Fir **40%**
 Mná **50** Fir **33**

6.3 Éachtaí Foirne

6.3.1 Comhaltaí Foirne nach Comhaltaí Dáimhe iad

David Smith

- Ball de Bhord Stiúrthóirí an Chumainn Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA).
- Ball de Bhord Stiúrthóirí EduCampus Services DAC.
- Comhalta de Choiste Bainistíochta Feidhmiúcháin Creative Futures Academy, tionscadal atá á mhaoiniú HCI i gcomhar le compháirtithe comhghuaillíochta NCAD agus UCD.
- Ball den Fhóram Náisiúnta Dearthaear i gcáil ionadaí Oideachais agus Tionscail, ag cur comhairle ar an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le Tionscail Chruthaitheacha.
- Áirítear leis na ballraíochtaí gairmiúla: Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann, Alliance Graphique Internationale, Institiúid na nDearthóirí in Éirinn; Cumann Idirnáisiúnta na nDearthóirí Clógrafacha, agus an Institiúid um Fhógraíocht & Dearadh Cruthaitheach.

An Dr Andrew Power

- D'athcheap an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le haghaidh dara téarma ar Bhord Ard-Mhúsaem na hÉirean.
- Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste ar Léann na hEitice, na Polaitíochta, an Dlí agus na Fealsúnachta de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann.
- Rinne cathaoirleacht ar phainéil Chláir bhailíochtaithe, faoina dToscaireacht Údaráis faoi leith, d'Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus d'Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn.
- Rinne cathaoirleachy ar phainéil Chláir bhailíochtaithe thar ceann QQI do Choláiste Uí Ghríofa/Pulse.
- Ceapadh ar Chomhairle Acadúil FilmEU.
- D'aistrigh gach próiseas acadúil, lena n-áirítear ionductú, seirbhísí do mhic léinn, measúnuithe, agus athrú chuig ardán ar líne/ardán cianda, le linn shrianta phaindéim COVID-19.

6.3.2 Baill Foirne Dámh Scannánaíochta, Ealaíne & Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha

An Dr Michael Connerty

- ‘What the Editor Says’: Engaging the British Comics Readership in the 1890s’ a tugadh ag International Graphic Novels and Comics Conference, University of Cambridge, an Ríocht Aontaithe, ar an 22 Meitheamh 2021.

An Dr Mark Curan

- ‘Abstraction, Studying Up and the Re-Representation of Financial Capital’ a tugadh go cianda ag Documentary Futures: New Ecologies, Science and Aesthetics symposium in Lucerne University of Applied Sciences and Arts, an Eilbhéis (Meitheamh 2021).
- ‘Normalising Deviance and the construction of THE MARKET (2010-)’ a tugadh ag Anthropology & Geography: Dialogues Past, Present & Future, Royal Anthropological Institute Annual Conference, Londain, an Ríocht Aontaithe (Meán Fómhair 2020).
- Research Associate—International Research Network for Photography & Visual Culture ARCHIVO, an Phortaingéil and University of Arts London, an Ríocht Aontaithe (Eanáir 2021-)

John Greaney

- ‘Student Art: Art + Psychology’, taispeántas le Mark Joyce in Ospidéal Ollscoile Naomh Unseann, Baile Átha Cliath, ón 1 Márta 2021 go dtí seo.

Cliona Flood

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

An Dr Olivia Hurley

- Atoghadh ar Chomhairle Feidhmiúcháin Chumann Síceolaíochta na hÉireann.
- D’fhoilsigh sraith físeán : ‘Brave Action’ ar YouTube (Deireadh Fómhair 2020 go Feabhra 2021)
- Ball painéil do phainéal phlé speisialta UCD maidir leis an tSíceolaíocht Spóirt UCD i gcuimhne ar an Ollamh Aidan Moran nach maireann (Márta 2021)
- Thug cur i láthair maidir le Gairmeacha sa tSíceolaíocht Spóirt ag Brainse PSI/ Tuaisceart Éireann d’Imeacht na nGairmeacha British Psychological Society (Márta 2021).

An Dr Mark Joyce

- Fuair Gradam gradam Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ‘Exploring and Thinking Award’ (Feabhra 2021).
- ‘Remote Joy’, taispeántas grúpa in Green on Red Gallery, Baile Átha Cliath (Meitheamh 2021).
- Fuair Gradam Aclaíochta Chomhairle Ealaíon na hÉireann (Iúil 2021).
- ‘The Narrow Gate of the Hear and Now-The Anthropocene’, taispeántas aonair in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Baile Átha Cliath (Iúil go Deireadh Fómhair 2021).
- ‘Vienna Contemporary’, taispeántas aonair in Karl Marx Halle, Vín (Lúnasa 2021).

An Dr Tina Kinsella

- Fuair cuireadh mar chainteoir ag ‘Fail Again, Fail Better: Stories you won’t hear in class’, imeacht ar líne don Chlár ‘Final Year Matters Moving On’ (Samhain 2020)
- Eagraí agus cainteoir de chuid ‘Pressure: Dr Tina Kinsella in conversation with Alice Maher and Cecily Brennan’ (Márta 2021)
- Comheagraí agus Tionólaí Painéil ‘Findings II: Symposium of Undergraduate and Postgraduate Student Research’ (Meitheamh 2021).
- Fuair Deontas mar atá ‘UK-Ireland Collaboration in the Digital Humanities’,

arbh fhiú €700,000 é faoi ‘Irish Principal Investigator for Feminist Art Making History’, arna thacú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn/Arts and Humanities Research Council (Lúnasa 2021).

Paul McDonnell

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

Sinéad Meade

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

John Montayne

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

An Dr Michael Murphy

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

Adrian O’Connell

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

Ciarán O’Keeffe

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

An Dr Elaine Sisson

- “Costume, Clothing and Popular Culture in Ireland in the 1920s’ a tugadh ag COST Network, Working Group on Textiles and Identity EuroWeb. Europe through Textiles, University of Warsaw, an Pholainn (Feabhra 2021)
- Rinne sraith de 6 phodchraoladh ó lucht acadúil mór le rá de chuid na staire agus na mothúchán a choimisiúnú agus a choimeád, dar teideal ‘From Grief to Wonder’ d’Acadamh Ríoga na hÉireann (Márta go Bealtaine 2021).
- Thug caint ar líne dar teideal ‘Flappers and Bohemians in the Irish Free State’ ag Leabharlann Chomhairle Contae Laoise (Bealtaine 2021).
- Rinne cathaoirleacht ar chomhchainteanna ar ‘Staging Europe

at the Gate Theatre’ ag Comhdháil European Federation of Associations and Centres of Irish Studies in Charles University, Prág (Meitheamh 2021).

- Cathaoirleach ar Phainéal Breithnithe Sparánacht na nAmharcealaíon RDS (Iúil 2021).

Laura Venables

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

Anne Wright

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

Le linn na bliana acadúla 2020/2021, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha, lena n-áirítear:

- An Dr Ruth Alexandra Moran
- An Dr Michael Connerty
- An Dr Mark Curran
- An Dr Maeve Connolly
- An Dr Tina Kinsella
- Dr Olivia Hurley

6.3.3 Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí - Baill Foirne

An Dr Yaqoub BouAynaya

- ‘Expressions of Emotion: The Black Lives Matter protest in Dublin’ a cuireadh i láthair ag an virtual International Visual Sociological Conference i Meitheamh 2021.
- Chuir páipéar i láthair ag an 15ú Comhdháil de chuid European Sociological Association Biennial i Lúnasa 2021.

An Dr Josephine Browne

- Ball d’Fhóram Réigiúnach Scileanna Bhaile Átha Cliath.
- Ball boird de Ghailearaí Ealaíne Crawford agus Cathaoirleach an Fhochoiste um Beartas Ealaíne.
- Rinne teagmháil le hOifig Fiontair Áitiúil DLR agus le Ceantar Gnó Áth an Ghainimh.
- Rinne teagmháil e Comhaontas Aoise DLR agus le Ball Chomhlachas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Ball den Choiste Stiúrtha maidir le Plean

Fiontraíochta Réigiúnaí Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm.

- Ball den Bhinse Araíonachta Aturnaetha.

Darren Devereux

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021)

An Dr Catriona Kirby

- Leas-Chathaoirleach ar piarmheasúnaithe de chlár Bhaitisiléara agus Mháistreacht do thionscadal DESTIN Erasmus+ ‘Journalism Education for Democracy in Ukraine: Developing Standards, Integrity and Professionalism’ (Earrach 2020)
- Spreagaitheasc ar Eiléan Ní Chuilleanáin ag an Applied Linguistics Research Teaching and Creativity Conference a d’eagraigh Northern (Arctic) Federal University ar an 15 Deireadh Fómhair 2020.
- Bronnadh Gradam Laoch Teagaisc, a d’eagraigh an Fóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

Siobhan Gallagher

- Breitheamh agus comhairleoir do Foróige.

An Dr Selina Guinness

- Bhain sé PhD amach sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach Chriticiúil ó University of Manchester (Feabhra 2021).

Conor Heagney

- Fuair Gradam Laoch Teagaisc, arna eagrú ag an bhFóram Náisiúnta i gcomhar le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. (Aibreán 2021).

An Dr Sharon McGreevy

- Comhalta den phainéal moltóireachta do Ghradaim Acmhainní Daonna agus Ceannaireachta (Lúnasa 2021).

Paraic McQuaid

- Chríochnaigh próifíl de Bheartas Chultúrtha in Éirinn atá le cur san áireamh i gCoimre na mBeartas Cultúrtha, a foilsíodh ar láithreán gréasáin na mBeartas Cultúrtha i mí na Samhna 2020.
- Seisiún maidir le hInbhuanaitheacht agus Bainistíocht Acmhainní san Oidhreacht Chultúrtha á stiúradh ag Comhdháil fhíorúil SoPHIA i Vín (Aibreán 2020).

- Ball den Phainéal ar Ealaín agus Beartas Poiblí ag Public Art Now Conversations in TUD & i gCumann Forbartha Ghráinseach Ghormáin.

An Dr Therese Moylan

- Áiríodh sa liosta Diversein de 146 Ceannaire Inspioráideach Ban 2021, chun ceannairí mná inspioráideacha a aithint agus a chúiteamh ar bhonn domhanda (Márta 2021).
- ‘Assessing Entrepreneurial Learning: A Review of Practice in Higher Education’ a tugadh ag Cruinniú Iomlánach 3E (Bealtaine 2021).
- D’éirigh le tairiscint ar mhaoiniú ó National Forum Strategic Alignment of Teaching & Learning Enhancement agus fuarthas €59K. (2020)
- Leas-Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Ghnólachtaí Beaga in Éirinn.
- Comhalta de Bhord Ionad Fiontraíochta Pobail Cheathrú an Notaigh
- Comhalta de Choiste Meastóireachta Oifig Fiontraíochta Áitiúla Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Comhalta de Bhord Amharclannaíochta an Pavilion.

An Dr Díóg O’Connell

- Ceapadh mar Cheannaire Acadúil ar Creative Futures Academy le freagracht as rannpháirtíocht acadúil agus forbairt curaclaim.
- Cuireadh iarratas cuibhreannais faoi bhráid Maoiniú Thuaidh/Theas a bhfuil baint ag comhpháirtithe in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, le Fighting Words (Baile Átha Cliath agus Béal Feirste) le haghaidh an Ionad molta do Chleachtas Scéalaíochta Comhaimseartha.

Rebecca Roper

- Ceapadh ar Bhord Ionad Fiontraíochta Pobail Cheathrú an Notaigh (Samhain 2020)
- ‘Assessing Entrepreneurial Learning: A Review of Practice in Higher Education’ (comhshaothar le MTU) a tugadh ag Cruinniú Iomlánach 3E (Bealtaine 2021).
- Ball de Choiste Meastóireachta Oifig Fiontar Áitiúil Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.


- Comhalta de Bhord Amharclannaíochta an Pavilion.
- Leas-Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Ghnólachtaí Beaga agus um Fhiontraíocht (Éire)
- Rinneadh tairiscint rathúil ar mhaoiniú €59K ón bhFóram Náisiúnta um Ailíniú Straitéiseach Fhorbairt Teagaisc agus Foghlama.

Peter Weadack

- “Reflections on Teaching Accounting Online’ arna chur i láthair ag Irish Accounting & Finance Association Teaching & Learning Day ar an 15 Eanáir 2021.

Le linn na bliana acadúla 2020/2021, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i nDámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaílena n-áirítear:

- An Dr Josephine Browne
- An Dr Therese Moylan
- An Dr Díóg O’Connell



7 Ráiteas Airgeadais

7.1 Ráiteas Airgeadais

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta a ullmhú de réir FRS102 agus a fhaomhadh gan coinníoll an 8 Aibreán 2022. Leagtar amach thíos leagan giorraithe de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2021.

7.2 Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2020/2021

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 31 Lúna 2021

	2021 €000	2020 €000
Ioncam		
Deontas Stáit	12,702	10,623
Táille Teagaisc	9,510	8,569
Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha	1,727	1,675
Deontais agus Conarthaí Taighde	948	765
Ioncam aitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	422	268
Ioncam ó Ús	0	3
Cistiú Pinsin Iarchurtha	5,348	5,373
Ioncam Eile	866	942
	<u>31,523</u>	<u>28,218</u>
Caiteachas		
Costais Foirne	16,669	15,681
Costas Sochar Scoir	5,348	5,373
Costais Oibriúcháin Eile	5,458	4,907
Dímheas	1,727	1,675
	<u>29,202</u>	<u>27,636</u>
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin	<u>2,321</u>	<u>582</u>
Caillteanas Taithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir	1,762	(1,850)
Laghdaí ar Dhliteanais Phinsin a d'eascair as Scoir i rith na Bliana	2,843	2,593
Athruithe ar Thoisíní atá mar bhunús le Luach Reatha Scoir		
Oibleagáidí Sochair	(4,076)	1,989
Gnóthachain Achtúireacha sa bhliain	<u>529</u>	<u>2,372</u>
Coigeartú ar Mhaoiniú um Shocair Scoir Iarchurtha	<u>(529)</u>	<u>(2,732)</u>
Ioncam Cuimsitheach Iomlán	<u>2,321</u>	<u>582</u>

Áirítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus na caillteanais go léir a thuairiscítear don bhliain

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 06/04/2022

Dáta: 06/04/2022

Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2021

	Cuntas Caipitil €000	Cúlchiste Forbartha Caipitil €000	Cúlchiste Ioncaim €000	Iomlán €000
An 1 Meán Fómhair 2019	<u>38,947</u>	<u>4,000</u>	<u>3,104</u>	<u>46,051</u>
Easnamh Oibriúcháin	0	0	582	582
Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach	675	0	0	675
Leithdháilte ón Deontas Caipitil	5	0	0	5
Leithdháilte ón Deontas do Mhionobreacha	333	0	0	333
Leithdháilte ó Ioncam Tionscadail	0	0	0	0
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní	<u>(1,675)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(1,675)</u>
Gluaiseacht don Bhliain	<u>(662)</u>	<u>0</u>	<u>582</u>	<u>(80)</u>
An 31 Lúnasa 2020	<u>38,285</u>	<u>4,000</u>	<u>3,686</u>	<u>45,971</u>
Barrachas oibriúcháin	0	0	2,321	2,321
Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach	337	0	0	337
Leithdháilte ón Deontas Caipitil	0	0	0	0
Leithdháilte ón Deontas do Mhionobreacha	750	0	0	750
Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail	5	0	0	5
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní	<u>(1,727)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(1,727)</u>
Gluaiseacht don Bhliain	<u>(635)</u>	<u>0</u>	<u>2,321</u>	<u>1,686</u>
An 31 Lúnasa 2021	<u>37,650</u>	<u>4,000</u>	<u>6,007</u>	<u>47,657</u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 06/04/2022

Dáta: 06/04/2022

An Ráiteas ar an Staid Airegeadais Amhail an 31 Lúnasa 2021

	2021	2020
	€000	€000
Sócmhainní Seasta		
Maoin, Gléasra agus Trealamh	37,650	38,285
Sócmhainní Reatha		
Infháltais	292	395
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	13,714	10,387
	14,006	10,782
Nithe Iníoctha		
Suimeanna atá dlite laistigh de Bhliain Amháin	(3,999)	(3,096)
Glansócmhainní Reatha	10,007	7,686
Sochair Scoir		
Chomaoin um Shocair Scoir	(95,391)	(86,699)
Sócmhainn Maoinithe um Shocair Scoir larchurtha	95,391	86,699
Glansócmhainní	47,657	45,971
Arna Léiriú ag:		
Cuntas Caipitil	37,650	38,285
Cúlchiste Forbartha Caipitiúla	4,000	4,000
Cúlchiste Ioncaim	6,007	3,686
	47,657	45,971

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 06/04/2022

Dáta: 06/04/2022

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid Thirim Amhail an 31 Lúnasa 2021

	2021	2020
	€000	€000
Glansreabhadh Airgid Thirim Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas Oibriúcháin	2,321	582
Ioncam Úis	0	(8)
Dímheas	1,727	1,675
Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha	(1,727)	(1,675)
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	103	(101)
Méadú ar Chreidiúnaithe	<u>903</u>	<u>1,515</u>
Glansreabhadh Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>3,327</u>	<u>1,993</u>
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Ús Faighte	<u>0</u>	<u>3</u>
Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Maoinithe		
loaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a shealbhú	<u>(1,092)</u>	<u>(1,013)</u>
Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Infheistithe		
Deontais Atréimhseacha Stát a chaitear ar Mhaoín, Gléasra agus Trealamh	337	675
Deontais Chaipitil Stáit a chaitear ar Mhaoín, Gléasra agus Trealamh	0	5
Deontas Mionoibreacha Stáit a chaitear ar Mhaoín, Gléasra agus Trealamh	750	333
Cistí Eile caite a chaitear ar Mhaoín, Gléasra agus Trealamh	<u>5</u>	<u>0</u>
Glan-Insreabhadh Airgid Ó Mhaoiniú	<u>1,092</u>	<u>1,013</u>
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	3,327	1,996
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Meán Fómhair	<u>10,387</u>	<u>8,391</u>
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Lúnasa	<u>13,714</u>	<u>10,387</u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 06/04/2022

Dáta: 06/04/2022